*Reflect and Renew – Athbhreithniú ar an tSeirbhís Náisiunta Páirceanna agus Fiadhúlra*

Gerry Kearney Feabhra 2022

***Brollach***

A Aire, a chara,

Leagaim isteach, leis seo, na céimeanna *Machnaimh agus Athnuachana*den Athbhreithniú ar an NPWS. Tugadh faoin obair sin den chuid is mó le linn na chéad dhá mhíosa de 2022, chun cur leis an gcéad chéim den Athbhreithniú, tuarascáil Stout-Uí Chinnéide.

Cé gur díríodh ar an eagraíocht, an rialachas agus na córais den chuid is mó leis an anailís le haghaidh na gcéimeanna *Machnaimh agus Athnuachana* , is léir go bhfuil na sraitheanna moltaí ar fud seo agus tuarascáil Stout-Uí Chinnéide ag teacht le chéile go mór.

Tá an gá le hathrú ó bhonn ar an NPWS doshéanta.

Tá ábhar na moltaí anseo bunaithe ar roinnt prionsabal lárnach mar atá línte tuairiscithe níos soiléire, cuntasacht níos fearr, stiúrthóireachtaí a bheith struchtúrtha ar línte feidhmiúla agus acmhainní a bheith dírithe ar thosaíochtaí lárnacha. Ba cheart go gcuimseodh siad siúd tagairt threorach le haghaidh na n-athruithe i gcaitheamh na míonna agus na mblianta atá le teacht.

Níl na moltaí sin ceaptha le bheith ró-shaintreorach ó thaobh sonraí. Chun athruithe a láimhseáil go héifeachtach, is gá bheith solúbtha agus freagrúil don mhéid nach bhfuiltear ag súil leis, chomh maith le béim dhian a chur ar dhul chun cinn. I gcleachtadh, beidh ar bhainisteoirí sinsearacha agus fhoireann an NPWS go leor a scagadh fós de réir mar a bhogfaidh an clár athraithe ar aghaidh.

Is é an dúshlán atá i gceist ná a chinntiú go mbaintear amach na hathruithe eagraíochta ríthábhachtacha arna n-aithint tríd an bpróiseas *Athbhreithnithe, Machnaimh agus Athnuachana*. Chun é sin a bhaint amach, is gá tacaíocht pholaitiúil, acmhainní fairsinge agus ceannaireacht mhionchúiseach ag an bhfoireann nua bainisteoirí bairr sa NPWS.

Gabhaim buíochas as cúram a leagan orm as tabhairt faoin gcuid sin den athbhreithniú, le foireann NPWS agus leis an Roinn as a bplé flaithiúil liom, agus ach go háirithe le Ms Ciara Carberry a thug faoin turas speisialta seo liom. Bhí a gaois, a buanna, léargas agus sárchumas an-suntasach ar fad.

GK

*Clár Ábhair*


| | |
|---|---|
| *Brollach....* | *4* |
| *Príomh-Mholtaí....* | *5* |
| *Moltaí eile....* | *7* |
| *Caibidil 1 An bealach a réiteach….* | *8* |
| *Caibidil 2 - Caillteanais stairiúla agus Gnóthachain Dheireanacha an NPWS....* | *11* |
| *Caibidil 3 – Comhairliúcháin….* | *14* |
| *Caibidil 4 – Rialachas….* | *17* |
| *Caibidil 5 – Daoine….* | *21* |
| *Caibidil 6 - Struchtúir – Cumraíocht Inmheánach na Stiúrthóireachtaí….* | *26* |
| *Caibidil 7 - Cumarsáid agus TFC….* | *34* |
| *Caibidil 8 - Na Chéad Chéimeanna Eile….* | *36* |
| *Athnuaigh – Plean Straitéiseach Gníomhaíochta….* | *37* |
| *Clár Gníomhartha….* | *41* |

***Réamhrá***

Cúram ilchéime atá san Athbhreithniú ar an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.

Tagann na céimeanna críche seo tar éis comhairliúcháin agus tuarascála arna gcur ar fáil ag céim na chéad '*Athbhreithnithe*' ar an bpróiseas ag an Ollamh Jane Stout, Cathaoirleach, agus an Dr Micheál Ó Cinnéide, Leaschathaoirleach.

Maidir leis na céimeanna críochnaithe den Athbhreithniú táthar faoi chomaoin thuarascáil Stout-Uí Chinnéide, as an raidhse ábhair ann, lena thosaítear agus lena chuirtear bonn ar fáil um na céimeanna *Machnaimh agus Athbhreithnithe* den Athbhreithniú ar an NPWS. Sa tuarascáil sin tarraingíodh ar 3000 píosa ionchuir a tugadh do na húdair de bhun comhairliúchán fairsing le raon leathan de pháirtithe leasmhara seachtracha agus leis an bpobal i gcoitinne, chomh maith leis an bhfoireann sa NPWS. Déantar iniúchadh údarasach ann ar chomparadóirí idirnáisiúnta agus leagtar amach ar bhealach soiléir agus spéisiúil na dúshláin agus na deacrachtaí a bhfuil an eagraíocht ag déileáil leo, agus freisin na bearnaí acmhainne atá á coimeád ó phlé go hiomlán lena sainchúram.

Mar gheall ar an amfhráma gairid a bhí leagtha amach le haghaidh na gcéimeanna *Machnaimh agus Athnuachana*, bhain siad leas nach beag as an tuarascáil sin agus tá an-údar seo an-bhuíoch as an saineolas domhain, an léargas agus an t-eolas gairmiúil ata le fáil inti. Tá an t-údar buíoch freisin leis an gCathaoirleach, an tOllamh Jane Stout, as a plé gairmiúil liom le linn na céime sin agus as a cuid léargas a chabhraigh liom comhlántacht a bhaint amach le linn na dá chéime sin.

Mar riachtanas lárnach chun an NPWS a neartú agus a ullmhú leis an todhchaí, tarraingítear aird i dtuarascáil Stout-Uí Chinnéide ar thábhacht an leasaithe ar struchtúr inmheánach na heagraíochta, agus é aitheanta freisin nach moltar struchtúr sonrach, athbhreithnithe laistigh dá chuid moltaí féin.

Cúram ríthábhachtach le haghaidh na gcéimeanna críochnaithe sin den Athbhreithniú mar sin ná aghaidh a thabhairt ar na struchtúir eagraíochta chuí sa NPWS, chomh maith le hábhair ghaolmhara mar atá rialachas, soláthar acmhainní, cumarsáid agus córais sonraí. Ní mór gnóthachain dheireanacha ó thaobh acmhainní a chainníochtú i bhfianaise an mhéid sin, agus ní mór na athruithe a tharla sa NPWS le míonna deireanach a léiriú agus a chomhtháthú.

Fágann sé sin go bhfuil réimsí comhcheangail agus nascachta idir ábhair a dtugtar aghaidh orthu sna príomhchéimeanna den Athbhreithniú. Áit a dtarlaíonn sé sin, féachtar leis an athbhreithniú chuig an teacht le chéile sin a dheimhniú mar a léirítear sna moltaí a thagann chun cinn.

Sna comhairliúcháin le haghaidh na gcéimeanna deireanacha sin den phróiseas, díríodh den chuid is mó ar eolas, fhianaise agus thaithí bainisteoirí agus foirne sa NPWS. Mar sin, cuireann léargais fhoireann NPWS as na réigiúin agus i mBaile Átha Cliath bonn mór eolais faoin Athbhreithniú agus aithnítear na léargais sin ann. Tá buíochas ó chroí ag dul do na státsheirbhísigh iontacha sin a thug a gcuid ama agus eolais fhairsing go flaithiúil chun go bhféadfaí na céimeanna críochnaithe a chur ar aghaidh agus a chríochnú. Lena rannpháirtíocht léiríodh oscailteacht, idéalacas, paisean, agus rún daingean, d'ainneoin dúshlán mór, a ndícheall a dhéanamh don Stát agus don phobal a mbíonn siad ag freastal air.

***Príomh-mholtaí:***

Rialachas

1. *An NPWS a bhunú mar ghníomhaireacht feidhmiúcháin laistigh de roinn Rialtais.*
…Leis sin baintear amach foireann bainisteoirí bairr, ráiteas misin sainiúil, tosaíochtaí agus acmhainní sainiúla le haghaidh an NPWS, agus dlúthnaisc dhíreacha thuairiscithe agus chuntasachta á gcoimeád leis an Roinn, an Aire agus an Rialtas agus cuirtear deireadh le dúbailt trí leas a bhaint as éifeachtúlachtaí ó thaobh rochtana ar sheirbhís chorparáideach, shaineoals agus thacaí na Roinne.

2. *Struchtúr inmheánach an NPWS a athrú, ionas go bhfuil sé oiriúnach le déileáil le dúshláin reatha agus na todhchaí*
…trí stiúrthóireachtaí nua a bhunú agus iad bailithe timpeall ar fhreagrachtaí feidhmiúla. Moltar cúig stiúrthóireacht:
    - Caomhnú agus Cosaint
    - Comhairle agus Taighde Eolaíoch
    - Páirceanna agus Tearmainn
    - Plé, Tacaí Corparáideacha agus Saintacaí
    - Reachtaíocht, Ceadúnú agus Rialú

3. *An fhoireann bainisteoirí bairr a athchumrú sa NPWS athstruchtúraithe.*
… agus an fhoireann athchumraithe sin a shannadh chun ráiteas tiomnaithe straitéise don eagraíocht a fhorbairt, mar thosaíocht práinneach, chomh maith le tosaíochtaí lárnacha comhaontaithe le haghaidh na heagraíochta.

4. *Buanchoistí buana a bhunú, ar bhonn trasfheidhmiúil ar fud na stiúrthóireachtaí nua, chun aghaidh a thabhairt ar ábhair fhadseasmhacha, ilghnéitheacha, chasta*Beidh siad sin riachtanach chun ábhair thrasghearrtha a láimhseáil ar nós athshlánú agus athchóiriú bogach, an bhithéagsúlacht, caomhnú gnáthóg agus speiceas, sannadh láithreán, plé AE agus idirnáisiúnta, sáruithe agus cásanna dlí eile.

Daoine

5. *Cumas agus cleachtas AD sa NPWS a leasú agus a fheabhsú ó bhonn*.

   Fágtar cúram ar dhuine tiomnaithe as feidhm AD le haghaidh NPWS. Ba cheart earcú chuig sainróil agus róil thionsclaíocha NPWS a athrú ó bhonn agus a chaighdeánú; ba cheart deireadh a chur le húsáid conarthaí sealadacha thar thréimhsí fada, agus ba cheart róil fhógartha a ghrádú i gceart chun iarrthóirí atá i mbanna cuí maidir le riar scileanna agus taithí a spreagadh chun iarratas a dhéanamh. Ba cheart struchtúir chuí ghairme a fhorbairt le

haghaidh ball foirne tionscail.

6. *Grúpa saineolaithe a bhunú, trí tharraingt ar shaineolas idirnáisiúnta in eagraíochtaí ag a bhfuil sainchúram cosúil le sainchúram an NPWS, chun riachtanas acmhainní daonna an NPWS a bhunú ar bhonn dea-chleachtais idirnáisiúnta.*

   Ba cheart don ghrúpa saineolaithe tuairisc a thabhairt ar a chuid fionnachtana, tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis a bhunú, agus moltaí coincréiteacha, sonracha a dhéanamh le haghaidh leibhéal foirne thar na cúig stiúrthóireacht, agus béim shoiléir curtha ar chinntiú go bhféadann an NPWS a chuid feidhmeanna agus seirbhísí lárnacha a chur ar fáil don phobal, anois agus amach anseo.

Dlíthiúil

7. *Reachtaíocht a thabhairt chun tosaigh chun tacaí reachtúla nuashonraithe agus níos daingne a chur ar fáil dár gcuid Páirceanna Náisiúnta agus d'obair an NPWS maidir le hainmhithe, plandaí agus gnáthóga atá i mbaol sa Stát a chosaint agus a chaomhnú.*
   Déanfaidh sé sin soiléiriú ar agus tacóidh sé le cumhachtaí an Aire maidir le hoibriú agus bainistíocht na bPáirceanna Náisiúnta agus na na n-anaclann dúlra, agus tacóidh sé le feidhmeanna lárnacha an NPWS maidir le cosaint agus caomhnú an dúlra.

Cumarsáid agus TFC

8. *An chaoi a ndéanann NPWS cumarsáid a athrú ó bhonn, go hinmheánach agus go seachtrach araon*
   Ba cheart cumarsáid sheachtrach ag an NPWS a chur ar bhonn foirmiúil, ba cheart tosaíocht a thabhairt do phlé cuimsitheach agus tráthúil leis na meáin shóisialta agus na meáin eile, chomh maith le plé níos oscailte agus níos comhoibrithí le grúpaí sochaí sibhialta agus grúpaí eile.
   Ba cheart go mbeadh cumarsáid inmheánach tráthúil, oscailte agus comhoibritheach, ba cheart í a bhainistiú ar leibhéal straitéiseach, agus í a éileamh mar inniúlacht bhunúsach ó thaobh feidhmíochta.

9. *Clár nua, athnuaithe feabhsaithe um Phlé, Fheasacht agus Oideachas ag an NPWS a chur i bhfeidhm*
   …mar chuid de straitéis níos leithne chun guth ar son an dúlra sa Stát a chur i láthair atá údarasach, inchreidte agus spéisiúil. Cabhróiodh sé sin le tuiscint an phobail a fhorbairt chomh maith le tacaíocht do bhearta comhlíontachta agus caomhantais le haghaidh láithreán agus speiceas cosanta.

10. *TFC a Bhunathrú*
    Tá próiseas agus bealach ceithre-chéime curtha chun tosaigh ag an Oifig CIO sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun TFC a bhunathrú sa NWPS i gcaitheamh na dtrí bliana atá le teacht. Cuirtear fáilte san athbhreithniú seo roimh an bhforbairt sin agus moltar go mbeadh plé ag bainisteoirí sinsearacha sa NPWS maidir leis an togra chun go mbeifí in ann tosú láithreach le leasú ríthábhachtach ar TFC.

***Moltaí eile…***

**11.** *Machnamh a dhéanamh ar iniúchadh níos leithne ar shainchúraimí an ghrúpa leathain de ghníomhairí Stáit ar a bhfuil freagrachtaí móra maidir le Bithéagsúlacht agus gníomhú ar son na hAeráide.*
Leis sin bheifí soiléir maidir le cé orthu a bhfuil freagrachtaí; cibé acu an bhfuil éiginnteacht, dúbailt nó forluí i gceist, agus níos tábhachtaí ná aon rud eile áit a bhfuil bearnaí i gceist, go dtabharfaí aghaidh orthu go stuama ionas gur féidir leis an Stát freagra stuama agus éifeachtach a thabhairt ar an mBithéagsúlacht agus ar an nGníomhú ar son na hAeráide.

12. *Ba cheart do NPWS plé le comhlachtaí poiblí eile a oibríonn taobh leis an earnáil níos leithne, chun cabhrú leis a chinntiú go bhfuil gach comhlacht ag glacadh a róil féin, de réir a shainchúraim agus a chuid freagrachtaí, agus ag comhlíonadh a chuid freagrachtaí reachtúla maidir leis an dúlra agus an bhithéagsúlacht a chosaint.*
Ba cheart do bhainisteoirí sinsearacha NPWS athbhreithniú grinn a dhéanamh ar an lear mór oibre a dtugann sé faoi thar ceann, nó mar fhreagra ar iarratais ar ionchur ó chomhlachtaí poiblí eile, chun go mbeidh sé féin cinnte nach míchuí ná neamhréasúnta nádúr an ionchuir atá á lorg ó NPWS, maidir le freagrachtaí féin na gcomhlachtaí sin i ndáil leis na hábhair sin.

**13.** *Roinnt post nua a chruthú i NPWS láithreach, i dteannta le folúntais reatha a líonadh, áit a bhfuil gá leo siúd chun rioscaí criticiúla do leas an Stáit a mhaolú*
Ar feitheamh fionnachanta ag an ngrúpa tagarmharcála atá molta ag (6) thuas, moltar líon íosta post breise a chur leis an eagraíocht láithreach. Is í an aidhm atá i gceist leis sin ná leibhéal doghlactha rioscaí do leasanna an Stáit sa ghearrthéarma a mhaolú; tá sonraí na bpost molta leagtha amach i gCaibidil 5.

14. *Measúnú a dhéanamh ar ghrádáil post teicniúil agus réigiúnach trí fhéachaint chuig poist inchomparáide ar fud státsheirbhís na hÉireann*
Tar éis fhionnachtana na tagarmharcála ar fhoireann an NPWS trí fhéachaint chuig comparadóirí idirnáisiúnta, ba cheart grádáil post teicniúil agus réigiúnach a mheasúnú trí fhéachaint chuig poist cosúil leo i státsheirbhís na hÉireann.

15. *Stiúrthóir nua tacaí um Phlé, Corparáideach agus Saintacaí a bhunú*
Cruthóidh sé sin croílár corparáideach daingean le haghaidh an NPWS a fhéadann idirphlé éifeachtúil a dhéanamh le feidhm Chorparáideach na Roinne, agus ar an mbealach sin seirbhísí inmheánacha ríthábhachtacha sa Roinn a fheabhsú maidir le AD, TF, Soláthar etc, agus an toradh air sin ná plé níos fearr le páirtithe leasmhara seachtracha, chomh maith le NPWS na todhchaí a ullmhú le plé níos fearr le hathruithe roinne.

Cé gur struchtúr réasúnta beaga atá sa tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS), tá raon an-chasta freagrachtaí air:

- feidhmeanna móra ó thaobh comhairle beartais agus déanamh beartais i ndáil leis an Dúlra agus leis an mBithéagsúlacht;
- raon leathan freagrachtaí oibriúcháin, lena n-áirítear bainistíocht ar shé Pháirc Náisiúnta, 74 Thearmann Dúlra, agus tailte éagsúla Stáit atá inrochtana don phobal;
- bainistíocht ar raon de chláir AE, i dteannta leis na mílte beart caomhantais inár gcuid limistéar sainithe agus Páirceanna Náisiúnta; bíonn comhpháirtíocht aige thar raon d';idirghabhálacha caomhantais eile;
- sainchúram leathan eolaíochta, mar phríomh-chomhordaitheoir ar na Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta don Bhithéagsúlacht, monatóireacht ar láithreáin shainithe, agus tabhairt faoi thaighde suntasach eolaíochta;
- Bheith mar chomhairlí reachtúil i ndáil le hábhair phleanála, lena n-áirítear pleananna forbartha réigiúnacha agus contae;
- feidhmeanna rialála agus ceadúnaithe;
- scéimeanna deontais a riar chun tacú le pleananna feirme, bearta caomhantais, gníomhartha ar son na bithéagsúlachta, chomh maith le bearta um rialú speiceas ionrach;
- coireacht fiadhúlra a fhiosrú agus a ionchúiseamh.

Tá an struchtúr éagsúil go geografach (32 ionad oifige, ar fud 19 gcontae), agus mar gheall ar leithne a chuid feidhmeanna, tarraingíonn sé ar raon leathan d'inniúlachtaí speisialaithe agus gairmiúla (tá 21 ghrád éagsúil gairmiúil agus tionscail) i dteannta le sainscileanna bainistíochta agus déanamh beartais.

Chun teacht ar réiteach molta fiúntach ar na dúshláin atá le sárú ag NPWS, ní mór aird a thabhairt ar éagsúlacht a chuid feidhmeanna agus ar chastacht a chuid idirphlé.

Freastalaíonn foirne tiomnaithe ar NPWS ar fud a chuid feidhmeanna éagsúla, cibé acu gur feidhmeanna tionsclaíocha, réigiúnacha, eolaíocha nó riaracháin iad. Is ionann a gcuid cumas in éineacht a chéile agus acmhainn den scoth mar sheirbhís don Stát agus i gcaomhnóireacht acmhainní náisiúnta luachmhara agus freagrachtaí lárnacha. Cuireadh as dóibh, áfach, ag dúshláin sheachtracha as cuimse cibé acu go mbaineann siad leis an mbithéagsúlacht, le hathrú aeráide agus oibleagáidí idirnáisiúnta, nó go deimhin freastal ar éilimh agus ionchais páirtithe leasmhara seachtracha.

Is mó fós na dúshláin, ar leibhéal inmheánach.

Mar atá leagtha amach i dtuarascáil Stout-Uí Chinnéide agus mar a cuireadh in iúl go fairsing ag baill foirne NPWS i gcaitheamh an athbhreithnithe seo, níl an eagraíocht oiriúnach don chuspóir agus níl sé i suíomh maith chun a sainchúram reatha a chur i gcrích.

Fáthanna il-leibhéil atá freagrach as sin agus teastaíonn freagairt il-leibhéil.

Fáth ríthábhachtach leis sin ná gur bogadh an NPWS ar fud sé Roinne Rialtais le 25 bliana anuas. D'fhág sé sin an struchtúr gan roinn fhorghabhálach chun

soláthar acmhainní a chur chun cinn di, a forbairt struchtúrach a chur chun cinn, nó béim straitéiseach fhadtéarmach a chur ar a chuid gníomhaíochtaí. Seachas sin ba ghnách go mbogadh é tar éis athruithe Rialtais agus an úinéireacht ag bainisteoirí bairr roinne ina cíor thuathail agus curtha ó rath dá bharr, agus an toradh air sin ná go raibh tionchair thar a bheith diúltach aige ar a chumas AD agus corparáideach. D'ainneoin iarrachtaí éachtacha chun é féin a athshuíomh agus a athchumrú arís is arís eile le dul in oiriúint do riachtanais agus chultúir éagsúla go leor máthaireagraíochtaí nua i ndiaidh a chéile, mar thoradh ar an tsraith d'aistrithe, aistríodh an bhéim ó réimsí lárnacha mar sholáthar acmhainní, straitéis agus bainistíocht ar a chuid idirphlé comhshaoil.

Éifeacht eile nach raibh chomh soiléir ach a ndearna dochar ná gur leagadh ualaigh oibre mhóra bheise ar an NPWS ach gan acmhainní a bheith curtha ar fáil dóibh.

Mar gheall ar an tionscnamh ag an Rialtas chun Aire Stáit don Oidhreacht a cheapadh, duine a oibríonn gan staon ar son an NPWS agus a stiúir an eagraíocht as ré fada d'easpa acmhainní go bheith ar ais ag leibhéil mhaoinithe a bhí i bhfeidhm roimh 2008, is féidir a rá, sa deireadh, go bhfuil an timpeallacht pholaitiúil agus riaracháin ina bhfuil an NPWS ag oibriú, athraithe ón mbonn.

Is mian a aithint san athbhreithniú freisin an cheannaireacht dhaingean ar leibhéal Rúnaí Chúnta ag an Uas. Niall Ó Donnchú thar ceann an NPWS. Tá ceannaireacht den scoth le feiceáil ina ghealltanas chun aghaidh a thabhairt ar oidhreacht dheacair na mblianta fada d'easpa acmhainní agus d'aistrithe roinne, a rún chun an NPWS a fheistiú ar bhealach nach bhfuil incriminteach ná faiteach agus a mhian le haghaidh NPWS na todhchaí. Ní fhéadfaí bealach ríthábhachtach an athbhreithnithe seo a leanúint murach a thacaíocht dhílis trínar osclaíodh doirse NPWS (agus fiú lasmuigh i gcomhthéacs Covid) agus trínar cuireadh ar chumas iniúchadh dian a dhéanamh ar an eagraíocht. Aithnítear an cheannaireacht sin san athbhreithniú seo le buíochas ó chroí.

Ar mhaithe le hiomláine freisin is tábhachtach idirghabhálacha agus éachtaí eisceachtúla na Rannóige Corparáidí sa Roinn Tithíochta a aithint. Tá siad siúd leagtha amach ar bhealach níos sonraí i gCaibidil 2.

Léiríonn na forbairtí deireanacha, mar sin, go bhfuil tosaíocht tugtha ag an aire agus an riarachán do dhul i ngleic le ganntanais oidhreachta in acmhainní daonna agus airgeadais ó aimsir thobchliseadh an gheilleagair.

Tá níos mó ná ganntanais stairiúla foirne i gceist leis na dúshláin struchtúracha, straitéiseacha agus acmhainní atá le sárú ag NPWS, áfach.

Léirítear comhartha simplí ach mór de shuíomh deacair an NPWS i ngéarú agus teacht chun cinn imeachtaí sáraithe féideartha ag an AE in aghaidh na hÉireann as mainneachtain a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoi na Treoracha maidir leis an Dúlra. Beidh gá le pleananna cuimsitheacha ar féidir a bhaint amach, áfach, agus sonraí iontu faoi cén chaoi a gcomhlíonfaidh Éire a cuid oibleagáidí, chun riosca na gcinntí cúirte in aghaidh na hÉireann sna blianta atá le teacht a sheachaint, chomh maith leis an bhféidearthacht go leagfaí pionóis airgeadais ghaolmhara.

I dtuarascáil Stout-Uí Chinnéide agus san athbhreithniú seo, féachtar ar bhealaí difriúla, chuig measúnú a dhéanamh agus comhairle a thabhairt go neamhspleách maidir le dul i ngleic leis na dúshláin ríthábhachtacha sin. Mar a comharthaíodh cheana, mar gheall ar an am atá ar fáil, d'fhéachadh leis an athbhreithniú seo chuig cur leis an taighde agus na comhairliúcháin fhairsinge ar tugadh fúthu le haghaidh na tuarascála sin roimhe agus tarraingt ar dhearcaí inmheánacha laistigh de NPWS, i dteannta le heolas eagraíochta níos leithne.

*Machnamh - dea-rialachas eagraíochta*

Áirítear le roinnt gnéithe bunúsach den dea-rialachas le haghaidh eagraíochta:

- Tá sé oiriúnach ó thaobh a stádais agus a dheartha bhunúsaigh
- Tá misean, fís agus straitéis shoiléir aige
- Tugtar aghaidh go cuí ar a shainchúram lena struchtúr/a chumraíocht inmheánach
- Tá córais agus cleachtais i bhfeidhm aige chun cúraimí a leithdháileadh, aschuir a shonrú agus cuntasacht a chur chun cinn
- Tá foireann láidir ceannaireachta aige atá comhtháite, dírithe, solúbtha agus a dhíríonn ar réitigh
- Tuigeann bainisteoirí agus baill foirne a gcuid freagrachtaí go soiléir agus tá acmhainní acu chun iad a chomhlíonadh
- Tá sé inniúil agus éifeachtach i mbainistíocht a idirphlé lena chuid páirtithe leasmhara seachtracha
- Tá cultúr corparáideach láidir aige a roinntear go forleathan agus lena chuirtear chun cinn feidhmíocht, obair foirne agus spreagadh.

Dá réir sin, breathnaíodh go forleathan ar na gnéithe bunúsacha sin le haghaidh na tuarascála seo, i gcomhthéacs a comhairliúchán le foireann NPWS agus a chur chuige i dtreo creat a leagan amach don bhealach ar aghaidh. Ach ar dtús measúnú ar an áit as ar dtáinig NPW agus gnóthachain mhóra le déanaí.


*Caibidil 2 – Caillteanais stairiúla agus gnóthachain dheireanacha NPWS*

Le roinnt blianta anuas, méadaíodh go leanúnach raon feidhme agus freagrachtaí an tSeirbhís Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra, mar thoradh go príomha ar oibleagáidí méadaithe faoi dhlí an AE, roinnt cinntí diúltacha i ndiaidh a chéile i gcoinne na hÉireann ag Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa sa réimse sin, tionchar na gníomhaíochta forbartha gan choinne ar an mbithéagsúlacht/an oidhreacht nádúrtha agus freagracht mhéadaithe maidir le bainistíocht talún' (Grant Thornton, 2010).

Tá ualach oibre na heagraíochta méadaithe go mór i gcaitheamh na mblianta, agus níos mó fós le deich mbliana anuas. Go deimhin, meastar go meadóidh sé níos mó agus muid ag druidim leis an spriocdháta um spriocanna 2030 le haghaidh na bithéagsúlachta, na haeráide agus na forbartha inbhuanaithe.


D'ainneoin sin, níor coimeádadh suas le raon feidhme a chuid freagrachtaí agus maoiniú chomh maith le hacmhainní foirne á soláthar don tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.

Tar éis na géarchéime airgeadais, laghdaíodh buiséad bliantúil an NPWS ag 70%, agus é laghdaithe ó €46.665 milliún in 2008 go €14.034 milliún in 2011. Leanadh ar aghaidh leis an leithdháileadh íseal sin faoin mbuiséad, agus é gan athrú nach mór, go dtí 2020 go dtí gur tosaíodh ag cur ar ais an bhuiséid diaidh ar ndiaidh, agus níor dhruid an maoiniú le leibhéil 2008 go dtí chomh deireanach le 2021-2022.



Ar an gcaoi chéanna bhí easpa acmhainní foirne ar fáil le roinnt blianta anuas. Bhí líon foirne NPWS (lena n-áirítear foireann pháirtaimseartha ach gan foireann shéasúrach shealadach san áireamh) díreach os cionn 300 in 2007, agus iad laghdaithe go figiúr faoi bhun 300 tar éis na géarchéime airgeadais agus níor sháraigh siad an figiúr sin go dtí 2017.

Moladh, go raibh líon optamach na mball foirne NPWS díreach faoi bhun 400 post coibhéise lánaimseartha. Mar sin, ní hamháin nár comhlíonadh an sprioc mholta de 400 ball foirne CLA, níor socraíodh é ach chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais a bhí soiléir in 2010: mar gheall ar an méadú géar ar fhreagrachtaí ó sin méadaíodh riachtanais fhoirne na heagraíochta.



Le blianta beaga anuas tá líon na mball foirne ag teacht ar ais chuige féin agus é brostaithe go mór sa tréimhse ó ceapadh Aire Stáit don Oidhreacht. Tharla an ceapachán sin ag an am céanna leis an aistriú ba dheireanaí chuig an máthair-Roinn reatha, agus is iad na tréithe a ghabhann leis ná leibhéal suntasach plé agus tacaíochta do chumas NPWS ag na feidhmeanna corparáideacha sa Roinn sin. Seans gurb iad forbairtí deireanacha is soiléire a léiríonn tacaíocht an Aire agus na Roinne nua.

Le hanailís inmheánach a rinneadh in 2021 aithníodh an gá práinneach le 87 bpost breise ar fud an NPWS a líonadh in 2021

agus 2022. Measadh gurbh iad costais na bliana iomláine in 2022 as na 87 bpost ná €3.3m.

As na 87 bpost sin, tá 35 phost líonta anois agus táthar ag earcú le haghaidh 44 phoist eile, ar bhealaí éagsúla trí chomórtas inmheánach, an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí nó trí Shoghluaisteacht Státseirbhíse, agus táthar chun na 8 bpost a líonadh ina dhiaidh sin. Tar éis machnamh a dhéanamh ar na comórtais iomaí atá ar siúl faoi láthair agus atá beartaithe chun na poist reatha sin a líonadh léirítear i bpáirt an chaoi a gcruthaítear ualach trom riaracháin leis an gcleachtas reatha mar atá micreaphróiseas iomaí a chur i gcrích le haghaidh na hearcaíochta chuig sainróil agus nach bhfreastalaíonn sé ar riachtanais na heagraíochta ó thaobh earcaíochts tráthúla agus éifeachtaí chuig róil lárnacha.

Níl aon amhras, áfach, ach gur cor cinniúnach atá i gceist leis an scála agus an gealltanas chun cúrsaí a fheabhsú le haghaidh an NPWS, mar a fheictear le hiarrachtaí leanúnacha agus diongbháilte na Rannóige Corparáidí sa réimse sin agus, agus iad in éineacht le ceannaireacht pholaitiúil dhiongbháilte agus gealltanas daingean riaracháin, is féidir leo an eagraíocht a athrú ón mbonn.

Chun na forbairtí deireanacha a chur i gcomhthéacs níos leithne, áfach, mar ábhar machnaimh, cé go gcuirtear fáilte roimh an bhfeabhas seo, níl i gceist le cuid mhór de ach iarracht bheith ar gcúl leis na leibhéil fhoirne agus acmhainní a bhí i bhfeidhm roimh 2008, agus chun riachtanais na heagraíochta a chomhlíonadh mar atá feidhmiú níos fearr ná an méid is lú, beidh gá le tagarmharcáil chuí i gcoinne comheagraíochtaí sa réimse idirnáisiúnta mar thagairt agus bhonn fianaise chun an acmhainn foirne riachtanach a chalabrú san fhadtéarma.

*Caibidil 3 - Comhairliúchán*

Leis an athbhreithniú seo bhíothas ag iarraidh bualadh le baill foirne réigiúnacha, foireann thionsclaíoch san áireamh, chomh maith le gráid sheirbhíse ghairmiúla agus ghinearálta atá bunaithe in ionaid AD. Ba eisceachtúil gealltanas agus cumas na mbainisteoirí agus na mball foirne araon. Níl aon amhras ach gurb iontach ar fad a ndílseacht dá gcuid oibre, a ngealltanas dá gcuid foirne oibre, chun freastal ar an bpobal agus a ndícheall a dhéanamh le haghaidh an NPWS.

D'ainneoin sin, ardaíodh téamaí agus ábhair imní arís is arís eile, rud a d'fhág nach raibh aon amhras faoi shaincheisteanna bunúsacha na heagraíochta.

Téamaí coitianta a ardaíodh

- Mar gheall ar easpa fhoireann chomhtháite bainisteoirí bairr, agus í faoi stiúir duine shinsearaigh a bheadh tiomnaithe go hiomlán go NPWS, i dteannta le heaspa misin, físe ná straitéise comhtháite, tharla scoilteadh agus tá easpa tosaíochtaí roinnte i gceist
- Easpa phleanáil chomhtháite ar fud rannóg, cé go raibh sí le feiceáil i roinnt réimsí
- Easpa soiléire ar fud an NPWS maidir le cé atá ina n-úinéir ar céard, cé orthu a bhfuil príomhfhreagracht as réimsí agus ábhair oibre;
- Fadhb mhór acmhainní a rinneadh níos dona leis na ciorruithe siar a bhí riachtanach leis an tobchliseadh eacnamaíoch, chomh maith le treoracha agus oibleagáidí iomaí AE a chuir le hualach oibre mór breise. Ina theannta sin, leis an reachtaíocht Éireannach tháinig freagrachtaí móra breise chun cinn lenar áiríodh foráil do NPWS mar chomhairlí reachtúil etc;
- Cumraíocht struchtúrach a tháinig chun cinn le himeacht ama agus nach bhfuil oiriúnach don chuspóir
- Cumarsáid inmheánach a mheastar mar bheith thar a bheith easnamhach agus cumarsáid sheachtrach mar an gcéanna
- Easpa nasc agus córas chun aghaidh a thabhairt ar idirspleáchais ríthábhachacha idir rannóga.

San idirphlé leis na Príomhoifigigh atá i gceannas ar rannóga reatha an NPWS ba dheas a ndlúthpháirtíocht, a gcuid cumas straitéiseach agus a n-oscailteacht d'athrú.Díol suntais ab ea a bhfonn chun leasaithe agus a sástacht oibriú as lámh a chéile mar ghrúpa ceannaireachta.

Aithníodh go héasca droch-ailíniú na rannóg reatha le scála na ndúshlán atá roimh an NPWS agus a chuid riachtanas feidhmiúil casta. Luadh cothrom a bhaint amach idir feidhmiúlacht, speisialtóireacht agus geografacht. Luadh freisin an gá le struchtúr níos aonchineálaí, laistigh de roinn Rialtais, ach a cheann féin, a fhoireann shinsearach agus a mhisean féin a bheith aige. Sa chomhthéacs sin rinneadh an pointe go raibh cur isteach mór i gceist leis an NPWS a bhogadh go minic ar rud roinn agus gur thóg sé go leor ama, agus blianta uaireanta, leabú i roinn nua. Ardaíodh an gá le plé níos éifeachtaí ag NPWS lena thimpeallacht sheachtrach, (grúpaí sochaí sibhialta san áireamh) mar shaincheist straitéiseach le dul i ngleic léi. Dearcadh a roinneadh ag na bainisteoirí sinsearacha sin agus daoine eile ná gurbh inmhianaithe go bhfanfadh NPWS laistigh de Roinn Rialtais, beag beann ar stádas nua ná struchtúr.

Aithníodh an gá le reachtaíocht phríomha chun taca reachtúil níos fearr a chur ar fáil le haghaidh na bPáirceanna Náisiúnta, chomh maith leis na gnéithe praiticiúla a bheadh i gceist leis an reachtaíocht sin a bhaint amach. Measadh go raibh géarghá le gabháil agus bainistíocht sonraí a fheabhsú go mór ó thaobh

chomhlíonadh an AE riachtanais agus an gá le taifeadadh agus roinnt sonraí a fheabhsú go mórChomh maith leis an ngá le nósanna imeachta daingne chun comhsheasmhacht agus trédhearcacht a chur ar fáil, comhtháthú oibre níos fearr ar fud bainisteoirí líne, socruithe neartaithe um fhorfheidhmiú, mar shaincheisteanna tábhachtacha. Leagadh béim ar an ngá le soiléire a fheabhsú maidir le róil agus freagrachtaí. Measadh gurbh dúshlán ar leith ab ea easpa soiléire maidir le húinéireacht agus príomhróil i roinnt réimsí oibre.

Luadh arís is arís eile saincheist an soláthar acmhainní do rannóga chun aghaidh a thabhairt ar scála na ndúshlán roimh NPWS.I gcomhthéacs idirphlé le baill foirne ar fud na réigiún tháinig dhá théama ar leith chun cinn arís is arís eile:

- easpa acmhainní daonna chun fiú riachtanais bhunúsacha an phoist a chomhlíonadh, agus
- córais agus cleachtais easnamhacha chumarsáide a d'fhág gur mhothaigh daoine aonair agus foirne go raibh siad scoite amach agus nach raibh cumhacht acu.

Luaigh baill foirne réigiúnacha agus bainisteoirí araon tromchúis na nganntanas foirne a bhfuil an chuma air go bhfuil siad forleathan agus ar siúl ar feadh na mblianta ar fud na rannóg. Rinneadh é sin níos measa ag iarratais atriallacha ar agus cásanna gnó ar son acmhainní daonna, ar minic nár aithníodh iad agus nár freagraíodh dóibh, dar le bainisteoirí sna réigiúin. Ina theannta sin tugann siad le fios go bhfuil folúntais ríthábhachtacha, lena n-áirítear folúntais ar leibhéal sinsearach, folamh ar feadh na mblianta. Ó thaobh na cumarsáide, mothaíodh go forleathan, fiú i measc bainisteoirí sinsearacha, gur beag cumarsáid éifeachtach a tharlaíonn ar fud NPWS. Déantar é sin níos measa fós mar gurb amhlaidh i roinnt réimsí nár pléadh le hiarratais ar na nithe bunúsacha a theastaíonn chun post a dhéanamh, ar nós fótachóipeálaí i riocht oibre, fóin, rochtain idirlín nó éide. Ardaíodh go rialta freisin an easpa caiteachais chaipitiúil le deich mbliana anuas ar na gnéithe bunúsacha a theastaíonn chun an post lasmuigh a dhéanamh ar nós feithiclí etc.

Cuireadh in iúl don athbhreithniú arís is arís eile nach raibh áit ar bith le dul chun achomharc a dhéanamh maidir le hiarratas AD nó acmhainne ábhartha ar diúltaíodh dó nó nár freagraíodh dó.

Is cosúil go mbíonn cúrsaí níos casta sna réigiúin de thoradh lear mór iarratas agus comhairliúchán a fhaigheann na bainisteoirí réigiúnacha ó na rannóga éagsúla, na socruithe neamhthuairiscithe um thuairisciú go trí nó ceithre Phríomhaí, agus easpa leibhéal cuí d'fhoireann riaracháin tacaíochta i go leor réimsí. Ardaíodh arís is arís eile socruithe a chuireann as do bhaill foirne Tionsclaíocha atá eisiata ó dhul san iomaíocht ar chomórtas srianta le haghaidh post bunaithe. Ar an gcaoi chéanna, pléadh freisin easpa struchtúr gairme le haghaidh Eolaithe, chomh maith le tromchúise na gconarthaí gearrthéarmacha i gcaitheamh na mblianta fada, agus easpa feasachta maidir le gairmiúlú a gcuid ranganna.

Bhuail an t-athbhreithniú le grúpaí bainisteoirí ar leibhéal Príomhaí Chúnta ar fud na rannóg Ceanncheathrún, chomh maith le gráid ar aon dul leo san Aonad Eolaíochta agus Bithéagsúlachta. Díol suntais ab ea leithne na gcumas, na n-inniúlachtaí agus na taithí ar fud na ngrúpaí sin chomh maith lena ngealltanas iontach chuig an NPWS. Arís sa réimse sin bhí téamaí coitianta ag baint leis na saincheisteanna a ardaíodh.

Seachas acmhainní, bhain na saincheisteanna sin le heaspa mheasta straitéise forghabhálaí le haghaidh an NPWS, easpa soiléire maidir le róil agus freagrachtaí, scoilteadh feidhmeanna ar fud rannóg, easpa stairiúil foirne sinsearaí de cheannairí chun treoir a sholáthar agus déileáil le castachtaí beartais,

chomh maith le deacrachtaí le cumarsáid inmheánach. Ardaíodh fadhbanna arís is arís eile maidir le folúntais a líonadh chomh maith le neamhréir idir gráid agus freagrachtaí an phoist agus na cáilíochtaí agus an taithí fhairsing a bhí ag iarrthóirí go minic.

Mar shampla d'éiginnteacht beartais, luadh ceist na Bithéagsúlachta agus an easpa soiléire maidir leis na teorainneacha idir NPWS agus R/Talmhaíochta chuige sin. Bhíothas go láidir den tuairim gur cheart don fhoireann bainisteoirí bairr aontú ar thosaíochtaí le haghaidh an NPWS agus ansin gur cheart go mbeadh pleanáil agus gníomhaíochtaí gnó na rannóg bunaithe ar an gcreat sin.

Ardaíodh ceist fhéiniúlacht an NPWS arís is arís eile, go háirithe le haghaidh na mball foirne úd a bhíonn ag plé go díreach leis an bpobal, agus inmhianaitheacht éide chuige sin. Ardaíodh bainistíocht sonraí a fheabhsú go mór lena n-áireofaí roinnt faisnéise, chomh maith le soláthar níos fearr acmhainní chun an CFG a úsáid agus tacú leis. Aithníodh freisin úinéireacht agus ceannaireacht shoiléir maidir le Plé, Feasacht agus Oideachas ag an NPWS.

Luadh na dúshláin a bhaineann le ceanglais an AE a chomhlíonadh, ní hamháin ó thaobh Treoracha etc, ach maidir le hacmhainní chun plé le maoiniú, dul i bhfeidhm air agus é a fháil. Ardaíodh an gá go ndéanfadh an NPWS cur i bhfeidhm na dTreoracha a mhúnlú agus a dhearadh níos fearr, chomh maith le pleanáil níos fearr ar an iomlán seachas freagraí frithghníomhacha.

Sa deireadh, dearbhaíodh arís is arís eile an géarghá le soiléire a bhaint amach ag an NPWS maidir lena ghnó lárnach, chomh maith leis an ngá le córais fheabhsaithe cuntasachta sa struchtúr.

*Machnamh*

Is léir, i bhfianaise na gcomhairliúchán atá tuairiscithe thuas, agus go deimhin aschur seachtrach níos leithne atá tuairiscithe i dtuarascáil Stout-Uí Chinnéide, go bhfuil sraith tuairimí ag teacht le chéile agus é ceaptha nach mbaineann NPWS mar atá faoi láthair, amach na gnéithe riachtanacha don dea-rialachas eagraíochta, nó ar a laghad nach léiríonn sé go láidir iad.

*Caibidil 4 – Rialachas*

*Stádas*

Mar atá leagtha amach i dtuarascáil Stout-Uí Chinnéide tá roinnt roghanna i gceist maidir le stádas NPWS amach anseo. Tá dhá cheann faoi leith chun tosaigh:

- NPWS a bhunú mar ghníomhaireacht neamhspleách agus sainchúram reachtúil aige cosúil leis an GCC, Teagasc, Foras na Mara etc;
- NPWS a dhéanamh ina Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin i Roinn Rialtais.

Ba iad na roghanna eile a measadh ná - rudaí a choimeád mar atá, nó feidhmeanna NPWS a roinnt agus iad a scaipeadh ar fud comhlachtaí poiblí eile. Is cosúil nach rogha dearfach atá i gceist le ceachtar acu. Cuireann na socruithe reatha le heaspa straitéise forghabhálaí, ceannaireachta comhtháite, agus le torthaí thar a bheith míshásúil don NPWS. Dá scaipfí feidhmeanna NPWS chaillfí mais chriticiúil saineolais, scoiltfí acmhainní, dhéanfaí eolas a scaradh ó chur i bhfeidhm, agus bhainfí an eolaíocht den chleachtas ar fud fhoirgnimh an Stáit. Níos tábhachtaí, is mó is cosúil go mbainfí scoilteadh den sórt sin ó chumas an Stáit aghaidh a thabhairt ar a chuid oibleagáidí dlí agus, níos tromchúisí, go ndéanfadh sé dochar dá chumas acmhainní nádúrtha luachmhara a chosaint, a choimeád agus a thógáil ar ais.

I measc argóintí ag páirtithe leasmhara seachtracha ar son gníomhaireachta neamhspleáiche tá go "dtabharfadh sé an rialtas chun cuntais as sáruithe ar rialacháin/dhea-chleachtas". Is cosúil nach dtuigear leis sin, ról an Rialtais agus na gcomhlachtaí poiblí. I ndaonlathas bíonn an Rialtas freagrach don pharlaimint agus do na toghthóirí.Bíonn sainchúram ar chomhlachtaí poiblí as spriocanna áirithe a bhaint amach ar féidir a bhaint amach agus bíonn siad cuntasach d'Airí an Rialtais. Ní a mhalairt de scéal atá i gceist.

Ar leibhéal náisiúnta, tá raon leathan comhlachtaí agus gníomhaireachtaí i bhfeidhm cheana ag a bhfuil feidhmeanna maidir leis an Dúlra, an Aeráid agus an timpeallacht. Bunaíodh iad siúd i bhfad roimh an ngéarchéim reatha bithéagsúlachta agus aeráide. Moltar go láidir san athbhreithniú seo gan sainchúraim reachtúla nua a chruthú nó a bhronnadh ar NPWS ná ar aon eagraíocht cosúil leis go dtí go dtabharfaí faoi athbhreithniú straitéiseach ar shainchúram agus fheidhmeanna gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí reatha. Le hathbhreithniú den sórt sin d'fhéadfaí measúnú criticiúil a dhéanamh ar shainchúram comhlachtaí reatha sa réimse sin, cibé acu gur gníomhaireachtaí nó ranna Rialtais iad, ganntanais agus forluí a thagann chun cinn a aithint agus a mheas cibé acu an bhfuil gá le athchumrú ról agus feidhmeanna ceannaireachta ar fud na n-eagraíochtaí sin. Níor cheart machnamh a dhéanamh ar ról reachtúil nua a chruthú nó a bhronnadh ar aon chomhlacht eile go mbeadh athbhreithniú den sórt sin déanta.

Ba cheart a shonrú go roinneann comhlachtaí mar Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta naisc agus stair láidir leis an NPWS. Maidir le ceist ar bith faoi stádas reachtach don NPWS ba cheart a éileamh go ndéanfaí machnamh freisin ar athchumrú níos leithne na gcomhlachtaí nasctha sin.

Tá na gnéithe praiticiúla agus na dúshláin a bhaineann le gníomhaireacht neamhspleách a bhunú leagtha amach go maith i dtuarascáil Stout-Uí Chinnéide, atá, ar an iomlán, i bhfabhar Gníomhaireachta Feidhmiúcháin faoi láthair.

Is ionann Gníomhaireacht Feidhmiúcháin agus eagraíocht laistigh de Roinn ag a bhfuil a ráiteas misin, a straitéis, a ceann riaracháin agus a foireann bhainistíochta féin. Cé go bhfuil a féiniúlacht shainiúil féin aici, tarraingíonn sí ar thacaí corparáideacha agus eile ón bpríomh-roinn agus oibríonn sí laistigh de chreat straitéiseach níos leithne na Roinne. Tá sí ina chuid de struchtúr na Roinne agus tugann sí tuairisc do Bhord Bainistíochta na Roinne. Ní theastaíonn reachtaíocht lena haghaidh mar gur féidir í a bhunú ar bhonn riaracháin. Áirítear le samplaí an tSeirbhís Phromhaidh, Met Éireann etc.

Tacaíonnn an t-Athbhreithniú leis an NPWS a bhunú mar Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin laistigh de struchtúr na roinne.Tá roinnt argóintí láidre ann chun tacú leis an tuairim sin.

Ar an gcéad dul síos, níl sé de chumas ag an NPWS dul áit ar bith. Is gá é a atógáil, acmhainní a chur ar fáil dó agus é a athdhíriú.Tá an baol ann go gcuirfí amú nó go gcaillfí fiú soláthar acmhainní, athstruchtúrú, bunú príomhthosaíochtaí straitéiseacha agus an leas a bheith bainte go práinneach as príomhthosaíochtaí straitéiseacha agus ullmhúcháin a dhéanamh i gcomhair aistriú chuig gníomhaireacht.

Ar an dara dul síos, is fiú machnamh a dhéanamh ar ról criticiúil agus uathúil an NPWS. Is riachtanach go gcuirfeadh sé foinse údarasach, neamhchlaonta comhairle eolaíche agus eile ar fáil, go seasfadh sé go hinniúil lena chuid cinntí agus gníomhartha agus go dtarraingeodh sé ar a thaithí fhairsing ar bhainistíocht agus chaomhnú ár gcuid Páirceanna Náisiúnta agus Anaclann Dúlra, chomh maith leis na hacmhainní sin a bhainistiú le haghaidh an Stáit.

I dteannta leis an bpobal is é a phríomhpháirtí leasmhar ag an deireadh ná an Rialtas.

Is gá go mbeadh caidreamh leanúnach ag NPWS leis an Rialtas chun comhairle neamhchlaonta a chur ar Chomh-aireachtaí, tionchar atriallach a imirt orthu agus tacú go gníomhach leo i gcaitheamh na deich mblianta atá le teacht agus níos faide ná sin agus an t-Athrú aeráide agus Géarchéim na bithéagsúlachta ar siúl sa chúlra. Próiseas normatach athoideachais atá ansin le buaic an chórais pholaitiúil. Teastaíonn dlúthphlé údarasach agus cuidiúil idir NPWS agus an Rialtas.É sin ráite, teastaíonn muinín an Rialtais ag an NPWS chun go mbeidh na hacmhainní aige chun a phost a dhéanamh agus freisin chun an t-údarás "bog" a fháil i dteannta lena shainchúram reachtúil chun plé go héifeachtach agus go dearfach lena chuid cliant seachtrach.

Gné ríthábhachtach ansin ná Tionchar.

Is é an bealach is fearr gur féidir leis an NPWS a Thionchar a bhaint amach agus a chleachtadh trína cheannaire a bheith ina gcuid d'Fhoireann Bainisteoirí Bairr i Roinn Rialtais a oibreodh sa ghnáthchúrsa agus go díreach le hAire a bheadh ina bhall de Chomhaireacht faoi seach. Ina theannta sin, is féidir leis na Stiúrthóirí a NPWS, mar chuid d'fhoireann mhór bainisteoirí sinsearacha sa Rialtas, tionchar a imirt níos éasca, múnlú agus go deimhin foghlaim ó bheith mar chuid den líonra leathan sin ar fud gach Roinn Rialtais.

Tá an t-athbhreithniú seo den tuairim go gcuireann an méid thuas argóint an-láidir i láthair ar son an NPWS a bhunú mar Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin i struchtúr Roinne Rialtais.

*Gníomhaireacht Feidhmiúcháin*

I gcás go nglacfaí le moladh go mbunófaí an NPWS mar Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin bheadh gá le roinnt beart iarmhartach:

- Ceann lánaimseartha a cheapadh ar leibhéal Rúnaí Chúnta chun béim chomhaontaithe a bhaint amach, comhiarracht a chothú, ceannaireacht foirne a fhorbairt agus tabhairt faoi bhainistíocht chuimsitheach athraithe;Moltar go mbainfí leas as an bpost reatha Rúnaí Chúnta atá tiomanta den chuid is mó cheana d'fhreagrachtaí NPWS le haghaidh an chuspóra sin.
- Tá sé riachtanach ráiteas misin agus straitéis an NPWS a chur in iúl laistigh de chreat níos leithne an Ráitis Straitéise de chuid na Roinne, a chuid cuspóirí agus straitéisí bunúsacha maidir le conas iad siúd a bhaint amach ní hamháin chun soiléire cuspóra roinnte a sholáthar le haghaidh gach baill foirne agus bainisteora ar fud an struchtúir, ach freisin chun tosaíochtaí a aithint, agus a chinntiú go ndírítear na hacmhainní agus na gníomhartha go cuí i dtreo na dtosaíochtaí sin;
- Feidhm um Cheann Eolaíochta agus Bithéagsúlachta a shannadh sa NPWS mar Phríomhchomhairleoir Eolaíoch ar Nádúr agus Bhithéagsúlacht, chun ríthábhacht, údarás agus neamhchlaontacht an róil seo a aithint;
- Athchumrú struchtúr rannóige (féach ar chaibidil 5 thíos) chun speisialtóireachtaí a fhorbairt, freagrachtaí a shoiléiriú agus freastal níos fearr ar na dúshláin a ghabhann le timpeallacht sheachtrach an NPWS.

Trí bheith ina ghníomhaireacht fheidhmiúcháin, is féidir leis an NPWS leas a bhaint as rochtain leanúnach ar Airí agus bheith i suíomh maith chun cur leis an mbeartas agus rochtain a fháil ar acmhainní, agus ag an am céanna comhtháiteacht níos fearr a bhaint amach trína Mhisean, a Ráiteas Straitéise, a chuid Cuspóirí féin chomh maith le foireann thiomnaithe de bhainisteoirí bairr. Is féidir leis an bhfoireann sin oibriú as lámh a chéile chun aghaidh a thabhairt ar réimsí éagsúla atá ríthábhachtach don éifeachtacht chorparáideach lena n-áirítear pleanáil ghnó, bainistíocht riosca, saincheisteanna trasghearrtha móra, straitéisí seachtracha bainistíochta, leithdháiltí buiséid etc. Is féidir le stádas Gníomhaireachta Feidhmiúcháin bheith ina chabhair mhór chun cur ar chumas NPWS a fhéiniúlacht féin a bhaint amach ar bhealach níos éifeachtaí agus trédhearcacht a fheabhsú maidir le comhlíonadh a chuid feidhmeanna agus freagrachtaí.

Cuimsíonn an cultúr na tuairimí, na luachanna agus na dearcaí a threoraíonn iompraíocht daoine aonair agus grúpaí laistigh d'eagraíochtaí. Is léir don athbhreithniú go bhfuil fochultúir éagsúla le fáil sa NPWS. Ní haon ionadh sin mar gheall ar an éagsúlacht oibre, an geografacht, easpa féiniúlachta láidre corparáidí/foirne bairr, i dteannta le deacrachtaí cumarsáide a luadh níos luaithe sa tuarascáil seo.

Réimse eile a bheidh le láimhseáil ag an bhfoireann bainisteoirí bairr ná cultúr corparáideach láidir agus dearfach a chruthú ar fud an NPWS. Is í an chéad chéim ná machnamh a dhéanamh ar luachanna reatha agus is é an bealach is fearr a d'fhéadfaí é sin a dhéanamh ná iniúchadh cultúir ina dhéanfaí machnamh ar luachanna reatha agus measúnú a dhéanamh ar mhéid an scoilte/ an teacht le chéile maidir le tuairimí agus cleachtais. Ag eascairt ón bhfaisnéis a gheofaí ó iniúchadh den sórt sin is féidir leis an bhfoireann cur le sraith choitianta de luachanna agus chuspóir roinnte.

Mar gheall ar scála an athrú eagraíochta atá le déanamh ag an NPWS, moltar san Athbhreithniú seo go gceapfaí bainisteoir sinsearach le haghaidh an phoist mar Cheann a mbeadh ceannaireacht, bainistíocht athraithe agus inniúlacht ard léirithe acu ag an idirphlé polaitiúil/riaracháin chomh maith leis an gcumas bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar ghráid ghairmiúla, theicniúla agus seirbhíse ginearálta.

*Conclúidí*

1. Leis an NPWS a bhogadh go Gníomhaireacht feidhmiúchain is féidir roinnt gnéithe bunúsach a chur chun cinn maidir le:
   - Níos oiriúnaí don chuspóir ó thaobh a stádais agus a dheartha bhunúsaigh;
   - Soiléire misin, físe agus straitéise;
   - Foireann cheannaireachta atá comhtháite, spriocdhírithe agus dírithe ar réitigh.
2. Bheadh iniúchadh grinn ar shainchúraimí comhlachtaí Stáit a bhfuil róil thábhachtacha acu maidir leis an mBithéagsúlacht agus an Aeráid ag teastáil sula ndéanfaí machnamh ar chomhlachtaí reachtúla breise a chruthú sa réimse sin. Leis sin thiocfaí ar shoiléire maidir le cá háit a bhfuil freagrachtaí bunaithe; má tá éiginnteacht, dúbailt nó forluí i gceist, agus níos tábhachtaí áit a bhfuil bearnaí i gceist go dtabharfaí aghaidh orthu ionas go bpléifí go comhtháite agus go héifeachtach le freagairt an Stáit i ndáil leis an mBithéagsúlacht agus an gníomhú ar son na hAeráide.

***Caibidil 5 - Daoine***

*Soláthar Foirne*

Téama a tháinig chun cinn arís is arís eile le linn comhairlúchán le páirtithe leasmhara ab ea ceist na n-acmhainní, agus go háirithe ganntanas acmhainní daonna thar thréimhse leanúnach, rud a chiallaigh go raibh sé deacair nó dodhéanta don NPWS a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh i gceart.

Dearbhaítear bailíocht na tuairime sin le hathbhreithniú gairid ar sholáthar foirne ó bunaíodh an NPWS ag tús na 1980í.Tá fianaise ann de laghdú suntasach ar acmhainní i gcaitheamh na tréimhse, chomh maith le laghdú géar ar an líon foirne i bhfianaise an tobhchliste eacnamaíoch. Is fiú an seasamh maidir leis na hacmhainní airgeadais arna soláthar do NPWS i gcaitheamh na tréimhse céanna a shonrú chomh maith. I dteannta leis an laghdú ar chaiteachas ar bhaill foirne, i gcaitheamh na tréimhse céanna tháinig laghdú an-ghéar ar acmhainní caipitil, atá riachtanach in eagraíocht mar NPWS le haghaidh áiseanna, bonneagair, iompair agus éadálacha.

Is tábhachtach a shonrú, áfach, go bhfuil an suíomh maidir le soláthar acmhainní feabhsaithe go mór le dhá bhliain anuas. Tá maoiniú NPWS méadaithe ag *circa* 64% i gcaitheamh na tréimhse gairide sin, agus acmhainní airgeadais tógtha ar go leibhéal nach bhfachthas ó bhí 2008 ann. Leis an maoiniú a fuarthas i Meastacháin i ndiaidh a chéile cuireadh ar chumas an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an líon faofa foirne in NPWS a thógáil ar ais go na leibhéil a bhí ann roimh 2008 agus tabhairt faoi raon leathan tionscnamh earcaíochta chun na poist sin a líonadh.

Mar a sonraíodh roimhe forbairtí tábhachtacha iad sin a léiríonn tosaíocht pholaitiúil dhearfach don NPWS.

Tá roinnt ábhar, áfach, a chuireann go mór leis an argóint ar son méadaithe bhreise ar acmhainní a bheadh níos mó ná an soláthar deireanach: Baineann siad siúd le:

- Oibleagáidí na hÉireann faoi Threoracha an AE maidir leis an Dúlra a dteastaíonn acmhainní fairsinge breise chun iad a chur i bhfeidhm agus a d'fhéadfadh go dtarlódh imeachtaí sáraithe mar thoradh orthu mura bpléifí go sásúil leo
- Straitéis Bhithéagsúlachta nua an AE, agus an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta don Bhithéagsúlacht atá le comhordú ag an NPWS ar leibhéal náisiúnta
- Na hoibleagáidí fairsinge rialála agus comhairliúcháin ar an NPWS atá ag dul i méid agus a éascraíonn ón reachtaíocht Éireannach, lena n-áirítear an reachtaíocht ar fhoraoiseacht, chladach agus phleanáil
- An gá le tailte a fháil, a bhainistiú agus a chosaint sa Stát atá ríthábhachtach don Nádúr agus don Bhithéagsúlacht
- An t-éileamh leanúnach agus méadaithe ar shainchomhairle éiceolaíoch agus tráchta maidir le hiarratais agus tograí Forbartha i ngach ceantar sa tír

Freisin, trí thagairt do na tagarmhairc náisiunta atá leagtha amach i dtuarascáil Stout-Uí Chinnéide (4.3.5 agus Aguisín 4), is léir go bhfuil easpa mhór acmhainní ag an NPWS, d'ainneoin gnóthachan le déanaí.

I ndáil le Treoracha an AE, mar a sonraíodh níos luaithe tá Éire os comhair an CJEU faoi láthair i dtaobh mainneachtana líomhanta a cuid oibleagáidí a chur i bhfeidhm i dtaobh 423 de 604 láithreán sainithe lena ngabhann tábhacht don Eoraip.

Inár gcuid Páirceanna Náisiúnta, Anaclann Dúlra, agus go deimhin i dtailte go léir an Stáit atá i seilbh NPWS, (seachas a cuid freagrachtaí bithéagsúlachta agus caomhantais/caomhnúcháin), tá oibleagáidí móra ar an NPWS maidir le sábháilteacht cuairteoirí, bainistíocht na turasóireachta agus sócmhainní poiblí a chosaint. Tá an líon cuairteoirí ar na háiteanna sin méadaithe go suntasach le blianta beaga anuas, agus níos mó fós, i gcomhthéacs phaindéim Covid, atá tar éis séasúr an tsamhraidh a shíneadh go bunúsach ar feadh na bliana go léir. Baineann oibleagáidí agus rioscaí criticiúla leis sin nach mór a bhainistiú go héifeachtach. Níl na Páirceanna, na Tearmainn Dúlra ná na tailte Stáit a bhfuil líon ball den phobal nach raibh coinne leis ag fáil rochtana orthu, feistithe chun na forbairtí sin a láimhseáil. I go leor cásanna, mar a chuireann bainisteoirí in iúl, níl siad ag tarraingt anuas fiú a chuid oibleagáidí maidir le caomhnú, cosaint agus athchóiriú laistigh de na Páirceanna ná na réigiúin níos leithne.

I dteannta leis sin, chun na fírinne a rá, ní féidir an méid comhairliúchán/iarratas maidir le pleanáil, oibreacha dá dteastaíonn cead etc. a láimhseáil leis na socruithe reatha; níl acmhainní iomlána ag an Aonad Coireachta Fiadhúlra fós le gur féidir leis feidhmiú i gceart, tá freagrachtaí móra ar an Aonad Eolaíochta & Bithéagsúlachta maidir leis an mBithéagsúlacht, monatóireacht ar láithreáin shainithe agus gnáthóga agus speicis liostaithe, comhairle an AE agus saineolaithe, próisis cheadúnaithe nach mór a fheabhsú – gan ach cúpla de réimsí freagrachta an NPWS a lua.

Níl deis ag an athbhreithniú seo measúnú cuimsitheach ná criticiúil a dhéanamh ar shonraí an riachtanais bheacht um sholáthar foirne breise chun cur ar chumas an NPWS a chuid sainchúraimí casta agus éagsúla a chomhlíonadh anois agus amach anseo.

Seachas sin, moltar san athbhreithniú go dtabharfadh sainghrúpa faoin gcúram sin ag a mbeadh ag an saineolas agus an taithí idirnáisiúnta ar chaomhnú an dúlra, oibriú páirceanna náisiúnta agus cur amach ar Threoracha ábhartha AE.

Tá caidrimh oibre láidre bunaithe ag NPWS cheana le heagraíochtaí den chineál céanna thar lear. Rogha amháin a d'fhéadfadh a bheith i gceist ná seirbhís oifigigh shinsearaigh (oifgeach seirbheála nó oifigeach atá scortha le déanaí) ó chomhlacht thar lear a bhfuil meas air, taobh le comhlacht den sórt céanna ó dhlínse ag a bhfuil cur amach fairsing ar Threoracha AE agus a gcur i bhfeidhm. Ba cheart grúpa saineolaithe a bhunú gan mhoil agus a chuid fionnachtana a thuairisciú laistigh de thrí mhí ó thosú. Chun an obair sin a fhréamhú go réalaíoch i gcomhthéacs an riaracháin phoiblí in Éirinn, d'fhéadfadh go measfaí rannpháirtíocht an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe sa ghrúpa, taobh leis an ngrúpa, a mheas mar bheith cuí.

D'ainneoin obair an tsainghrúpa atá molta thuas, agus an t-ionchas go dtiocfaidh fionnachtana luatha chun cinn óna chuid oibre, is léir go bhfuil gá le foireann tús líne bhreise idir an dá linn, agus méid níos mó ná na poist atá á líonadh faoi láthair. Teastaíonn sé sin chun neartú in aghaidh na dlíthíochta méadaithe ar leibhéal AE agus náisiúnta agus chun cur ar chumas an NPWS a chuid oibleagáidí dlíthiúla náisiúnta bunúsacha a chomhlíonadh – go simplí chun cúrsaí a choimeád faoi lán seoil go ceann i bhfad.

Dá réir sin moltar san athbhreithniú seo na poist bhreise seo a leanas faoi láthair, mar bheart eatramach ar feitheamh fhionnachtana an tsainghrúpa dá dtagraítear thuas:

- Príomhaí, Príomha Cúnta, Oifigeach Cúnta agus Príomhoifigeach chun bheith i gceannas ar an stiúrthóireacht nua um thacaí Rannpháirtíochta, Corparáideacha agus Speisialtóra agus chun an Clár Bainistíochta Athraithe a stiúradh a theastaíonn chun na hathruithe san Athbhreithniú seo a chur i bhfeidhm.
- Post Grád 1 amháin i dtaobh Gnáthóg agus Speiceas Mara sa stiúrthóireacht Eolaíochta & Bithéagsúlachta chun easnamh criticiúil a líonadh sa struchtúr reatha
- Dhá phost um Éiceolaí Grád 2 sa stiúrthóireacht chomhairliúcháin um Reachtaíocht, Cheadúnú & Reachtúil chun tosaíocht chuí a fháil le haghaidh tionscadal náisiúnta
- Daréag ball foirne breise, agus OE, do gach ceann de na Rannóga, na baill foirne réigiúnacha a chuimsíonn DCOnna, Grád 111, Grád 11 agus Grád 1
- PC amháin agus OC/AOF amháin chun dréachtreachtaíocht a chur ar aghaidh maidir leis na Páirceanna náisiúnta chomh maith leis an reachtaíocht ar an bhFiadhúlra a athmhúnlú

Chun é a rá go soiléir, moltar na poist mar theagmhasacht láithreach, chun aghaidh a thabhairt ar leibhéil dhoghlactha riosca do leasanna an Stáit, in imeachtaí sáraithe go gairid nó imeachtaí iarbhír ag an ECJ, ar mhaithe le cosaint bhunúsach a chuid foirgneamh ar chúngú ag tríú páirtithe, nó bainistíocht ar ghníomhaíochtaí atá méadaithe go mór maidir le cuairteoirí agus leis an turasóireacht.

Ní mholtar iad siúd mar fhreagairt chuí acmhainní don NPWS, nó chun dul i ngleic go hiomlán le scála na nganntanas reatha nó é a ullmhú i gceart amach anseo. Seachas sin, ábhair iad siúd nach mór, i ndeireadh na dála, dul i ngleic leo i gcomhthéacs na tagarmharcála idirnáisúnta ar NPWS mar a mholtar thuas.

*Cleachtais AD laistigh den NPWS*

Rud a dhéanann na ganntanais acmhainne níos measa ná go ngabhann raon de chleachtais AD ó oidhreacht leis an NPWS, ar cleachtais iad nach bhfuil oiriúnach don chuspóir. Gné faoi leith díobh siúd ná go bhfuil claonadh ann comórtais a rith atá curtha in oiriúint do riachtanais áitiúla nó réigiúnacha, seachas ar bhonn náisiúnta, nó chun comórtais iomaí, thiomnaithe a fhógairt le haghaidh sainról nó ról gairmiúil atá ró-chúng, seachas comórtas singil, náisiúnta amháin a oibriú chun sraith painéal a chruthú lena ngabhfadh na fothacair riachtanacha shainiúla nó gheografacha.

Gné eile, atá bunaithe ar scéalta ó bhainisteoirí, ná roghnú iarrthóirí atá ró-cháilithe le haghaidh na hoibre nó an luach saothair atá á dtairiscint. D'fhéadfadh go mbeadh gá le tuilleadh machnaimh ag an tús maidir le riachtanais an phoist atá le fógairt, seachas cáilíochtaí na n-iarrthóirí a dhéanann iarratas air ina dhiaidh sin. Tá an dá cheann sin níos casta, áfach, ná mar a d'fhéadfaí a mheas ar dtús. Tuairiscíonn bainisteoirí ar fud na réigiún agus i gceantair eile neamhréiteach idir grádáil go leor post, cibé acu gur poist tionscail, réigiúnacha nó eolaíocha iad, leis an leibhéal dualgas a theastaíonn nó na cáilíochtaí i gcomhréir.

Tá fianaise ann a thugann le fios go bhfuil roinnt iarratasóirí ar phoist ghairmiúla agus theicniúla rócháilithe don ról ata fógartha, agus tar éis go roghnófaí iad go bhféadfadh go mbeadh pá tosaithe níos airde á chaibidil acu. Ní bhaineann sé sin leis an NPWS amháin agus fadhb atá ann leis na blianta fada maidir le go leor comórtas gairmiúil agus teicniúil.

Maidir le baill foirne Tionscail, agus 'Eolaithe' ach go háirithe, sonraíodh san athbhreithniú an cleachtas mar atá conarthaí 'séasúracha' a chur ar fáil ar feadh roinnt míonna (ocht nó naoi mí i ndiaidh a chéile de ghnáth) do go leor de na baill foirne sin. Dhéantaí na conarthaí sin a thairiscint arís is arís eile ar feadh na mblianta, ar feadh na mblianta fada uaireanta, do dhaoine aonair. Ba mhinic a dhéantaí na tairiscintí sin a athnuachan gan mórán fógra agus ba mhinic a chuireadh sé sin le moill e soláthar seirbhísí in ionaid chuairteoirí áitiúla de chuid an NPWS. Ciallaíonn na socruithe sin go dtarraingítear siar nó go gcuirtear ar fionraí seirbhísí don phobal i go leor ceantar ar feadh míonna den bhliain agus nach dtarlaíonn plé ríthábhachtach le scoileanna (seachas roimh

scrúduithe). Baineann an dara gné go mór de ról níos leithne an NPWS maidir le feasacht agus tacaíocht an phobail a mhéadú le ahghadih chaomhnú ár gcuid acmhainní nádúrtha.

I gcoitinne níl sé inmhianaithe ná cuiditheach dul i muinín na gconarthaí 'séasúracha' sin a leanann ar aghaidh ar feadh na mblianta. Moltar san athbhreithniú mar sin go méadófaí go substaintiúil méid na mbuanphost, ionas go bhféadfaí seirbhísí cuí a chur ar fáil don phobal áit is cuí ar feadh na bliana féilire iomláine.

Maidir le graid Thionscail i gcoitinne tháinig an t-athbhreithniú trasna cásanna áit nárbh cosúil go raibh na gráid a bhí i gceist ar aon dul le scileanna ardleibhéil na bpost a bhí idir lámha. Ardaíodh an t-ábhar sin ag sainfhoireann i rannóga eile, freisin.

Cuireadh in iúl don athbhreithniú nach bhfuil cead ag baill foirne Tionscail, lena n-áirítear Oibrithe, Oibrithe Trádstórála agus Eolaithe, iarratas a dhéanamh ar chomórtas srianta ar ardú céime sa NPWS, beag beann ar bhlianta seirbhíse, cáilíocht na feidhmíochta, ná raon inniúlachtaí. Léiríonn sé sin beartas lárnach i dtaobh post tionscail ar fud na Státseirbhíse, ciallaíonn sé áfach nach mbíonn rochtain ag baill foirne ar na folúntais sin a thagann chun cinn go háitiúil, agus go bunúsach, go bhfágtar gan struchtúr gairme iad.

Moltar san athbhreithniú sin go bpléifeadh an fheidhm AD sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe d'fhonn bealaí cearta gairme a fhorbairt le haghaidh na mball foirne Tionscail sin.Sa chomhthéacs sin, ba cheart machnamh a dhéanamh ar an oiread post a oscailt agus ab fhéidir, ar poist iad a ritear mar chomórtais srianta faoi láthair, do chomórtas oscailte, chun an méid is leithne iarrthóirí a tharraingt agus is féidir.

*Conclúidí*

1. Tá géarghá le baill foirne breise don NPWS faoi láthair.
2. Teastaíonn freisin measúnú neamhspleách ar riachtanais fhoirne an NPWS anois agus sa tréimhse romhainn. Ba cheart go mbeadh sé sin stiúrtha ag scoth an tsaineolais agus an dea-chleachtais idirnáisiúnta.
3. Tá gá le cleachtais AD sa NPWS a fheabhsú go mór. Cuimsíonn sé sin pleanáil níos fearr i gcomhair folúntas, fáilte a chur roimh chomórtais níos leithne lena ngabhfadh fophainéil dhiscréideacha, agus féachaint arís ar phá tosaithe ar leibhéal beartais, seachas leibhéal cáis.
4. Is gá machnamh go cúramach ar leibhéal na gcáilíochtaí nó na taithí a theastaíonn i ndáiríre le haghaidh ról gairmiúil agus teicniúil, agus iarrthóirí a roghnú ar an mbonn sin.
5. Ba cheart poist bhuana a dhéanamh de phoist shéasúracha fhorleithne a líontar gach bliain le conarthaí gearrthéarmacha
6. Ba cheart struchtúir ghairme a fhorbairt a leagann meas ar bhaill foirne Tionscail, a thugann luach saothair dóibh agus a spreagann iad
7. Ba cheart athbhreithniú ar leithligh a dhéanamh ar ghrádáil post i sainréimsí agus ar fud na réigiún trí fhéachaint chuig poist chomparáideacha i tseirbhís phoiblí na hÉireann.

Is léir ón méid thuas gur gá tacaíocht AD sa NPWS a neartú go mór. Go háirithe, tá gá le hacmhainn AD a fhéadann próisis AD a láimhseáil agus nósanna imeachta taifeadta agus comhaontaithe a chur i bhfeidhm. Beidh an acmhainn sin ina nasc le AD na Roinne, agus dhéanfadh sé saincheisteanna oibriúcháin a bhainistiú atá á dtreorú isteach sa Roinn faoi láthair, chomh maith le béim, cobhsaíocht agus eolas corparáideach a chur ar fáil sa réimse sin le haghaidh an NPWS amach anseo.

*Caibidil 6 – Struchtúir - cumrú inmheánach stiúrthóireachtaí*

Is léir ó chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara inmheánacha, agus go deimhin tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar dháileadh feidhmeanna agus freagrachtaí ar fud stiúrthóireachtaí, go bhfuil struchtúr reatha an NPWS forbartha den chuid is mó le himeacht ama, agus é sin tarlaithe ar bhonn ad hoc, frithghníomhach go minic. Agus é sin á léiriú, tagann éiginnteachtaí chun cinn maidir le húinéireacht ar réimsí oibre faoi leith, cé acu a bhfuil na príomhróil maidir le saincheisteanna lárnacha agus cé orthu a bhfuil freagracht as torthaí i ndeireadh na dála. Leis an gcontúirt ghaolmhar mar atá suíomh neamheagraithe oibre tá an baol ann nach dtabharfaí tosaíocht ná acmhainní cuí d'obair thábhachtach sa stiúrthóireacht dá dtreoraítear í.

Mar a sonraíodh roimhe baineann dhá ghné bhunúsach de dhea-eagrú rialachais:

- ailíniú cuí an struchtúir/na cumraíochta cuí chun aghaidh a thabhairt ar shainchúram na heagraíochta, agus
- córais agus cleachtais éifeachtacha a bheith i bhfeidhm chun cúraimí a leithdháileadh, aschuir a shonrú agus cuntasacht a chur chun cinn.

Chun é a rá i bhfocail eile, ba cheart go mbeadh sé de nós ag struchtúr na heagraíochta acmhainní agus iarrachtaí a threorú i dtreo a cuid tosaíochtaí lárnacha. Cabhraíonn dea-dhearadh eagraíochta le dáileadh freagrachtaí agus cúraimí a threorú, le haschuir a thomhas agus freagrachtaí a chleachtadh, ionas go mbaintear amach tosaíochtaí lárnacha.

Dá réir sin bunphrionsabal a threoraíonn moltaí an athbhreithnithe seo ná féachaint chuig freagrachtaí agus obair a thagann le chéile a chur le chéile i réimse choiteann. Ar an mbealach sin déantar an deis um shineirgí, úinéireacht ar réimsí lárnacha agus torthaí feabhsaithe a uasmhéadú.

Moltar san athbhreithniú gur cheart an NPWS a athstruchtúrú i gcoitinne mar seo a leanas:

- Stiúrthóireacht Páirceanna agus Anaclann tiomnaithe d'oibriú agus bainistíocht na bPáirceanna Náisiúnta, na n-Anaclann Dúlra agus na dtailte faoi úinéireacht an Aire, agus rochtain ag an bpobal uirthi;
- Stiúrthóireacht Caomhantais agus Cosanta a dhéanann dhá stiúrthóireacht reatha a chomhtháthú agus a thógann le chéile foirne de bhaill foirne réigiúnacha chun níos mó tosaíochta a thabhairt don obair sin ar fud an Stáit;
- Stiúrthóireacht um Chomhairle agus Thaighde Eolaíoch agus béim athnuaite ar a cuid tosaíochtaí lárnacha, agus í faoi stiúir Príomhoifigigh Eolaíoch ar an Dúlra agus an mBithéagsúlacht;
- Stiúrthóireacht um Cheadúnú, Chomhairliúchán Reachtúil agus Reachtaíocht a dhíríonn ar obair lárnach atá cuí don NPWS;
- Stiúrthóireacht um Thacaí Plé, Corparáideacha agus Saintacaí a thógann le chéile feidhmeanna traseagraíochta atá scaipthe faoi láthair ar fud stiúrthóireachtaí, mar phlé leis an bpobal; GIS agus Bainistíocht Sonraí; Seirbhísí dlí; Soláthar agus Airgeadas chomh maith le ról ceannaireachta a ghlacadh go háitiúil a mbíonn comhpháirtíocht aige le feidhmeanna lárnacha corparáideacha roinne in AD, TF agus Airgeadas. Ba cheart go mbeadh ról lárnach ag an stiúrthóireacht sin sa Bhainistíocht Athraithe le haghaidh an NPWS.

Le haghaidh go leor ball den phobal cúis mhóir bhróid atá inár gcuid Páirceanna Náisiúnta, léiríonn siad ár náisiúntacht agus acmhainn phoiblí iad a leagtar an-luach orthu le haghaidh caithimh aimsire, taitnimh agus eachtraíochta. Níos bunúsaí, ba cheart go mbeadh siad ina n-ardeiseamláir d'éachtaí maidir le bainistíocht caomhantais agus bithéagsúlachta, ar aon dul leis na critéir idirnáisiúnta agus an sainchúram bunúsach a rialaíonn a mbunú. Faightear iontu go leor foirgneamh stairiúil agus struchtúr eile idir droichid, bóithre, gairdíní múrtha agus seomraí tae agus ionaid chuairteoirí, áiseanna leithris agus seideanna báid. Tá meas ag na baill foirne iontu mar gheall ar a saineolas, a ngealltanas gairmiúil agus iad a bheith lán le fuinneamh ina gcuid oibre ar mhaithe leis an bpobal.

In Alt 4.2.2 de thuarascáil Stout-Uí Chinnéide leagtar amach cúlra fairsing ár gcuid Páirceanna Náisiúnta chomh maith lena dtábhacht níos leithne ó thaobh na héiceolaíochta agus na turasóireachta. Tá éileamh mór, casta ag baint le gach ceann de na páirceanna sin a rith, agus baineann raon ollmhór dualgas, freagrachtaí agus rioscaí leis. Bíonn dualgais éagsúla i gceist ó chaomhnú, chosaint agus athchóiriú gnáthóg, go bainistíocht tubaiste agus freagairt éigeandála a chomhordú; bainistíocht bonneagair, bainistíocht cuairteoirí, idirchaidreamh le leasanna gnó, próiseáil ceadúnas, fia a mharú, agus sonraí éiceolaíochta ríthábhachtacha a thaifeadadh agus a thuairisciú.

De réir na socruithe reatha, tá freagracht ar stiúrthóireacht shingil dar teideal "Straitéis, Oibríochtaí Réigiúnacha agus Bainistíocht Réadmhaoine" as na Páirceanna, na réigiúin leithne, as caomhnú agus bainistíocht réadmhaoine, chomh maith le feidhmeanna airgeadais agus eagraíochta NPWS a bheith suite le chéile. Ní féidir an phunann sin a bhainistiú. Is é an toradh air sin ná go mbíonn bainisteoirí a mbíonn an iomarca brú orthu ar fud na réimse sin freagrach as go leor cúraimí scoilte gan deireadh leo, gur cosúil go dtuairiscíonn siad do raon d'oifigigh shinsearacha agus gur minic go ndéantar iad a atreorú ó obair ríthábhachtach chomh maith le tosaíochtaí straitéiseacha fadtéarmacha.

Teastaíonn stiúrthóireacht shingil agus í dírithe go hiomlán ar ábhair sna Páirceanna Náisiúnta agus i dtailte faoi úinéireacht an Stáit laistigh de dhlínse an NPWS, agus ceannaireacht uirthi ar leibhéal Príomhaí. Ba cheart go mbainfeadh sainchúram na stiúrthóireachta sin le beartas agus pleanáil le haghaidh na bPáirceanna agus na na n-Anaclann, nósanna imeachta agus cleachtais laistigh díobh agus a mbainistíocht oibriúcháin.

Baineann na príomhspriocanna inghnóthaithe ríthábhachtacha na stiúrthóireachta sin le: plean straitéiseach uileghabhálacha dár gcuid Páirceanna Náisiúnta; creat chun páirceanna aonair a phleanáil, chomh maith le hacmhainní a sholáthar agus soláthar a thomhas i dteannta le bainistíocht riosca.

Laistigh den stiúrthóireacht sin, ba cheart go mbeadh Bainisteoir Réigiúnach ag gach Páirc Náisiúnta agus tacaíocht acu ó fhoireann thiomnaithe a chuimseodh baill foirne teicniúla agus Tionscail agus tacaíocht riaracháin. Ba cheart an caidreamh tuairiscithe-líne ag Bainisteoir Réigiúnach sa pháirc le Bainisteoir Rannóige a choimeád. Áit nach bhfuil sé i bhfeidhm cheana, ba cheart don Bhainisteoir Réigiúnach (BR) agus a f(h)oireann plean straitéiseach meántéarmach a ullmhú, de réir teimpléid a aontóidh Bainisteoirí Rannóige ar fud stiúrthóireacht na bPáirceanna. Ba cheart don BR agus a f(h)oireann Pleanail gnó a fhorbairt agus í ar aon dul le hacmhainní le haghaidh gach páirce go bliantúil chun tacú le baint amach na straitéise. Ba cheart na pleananna straitéiseacha agus na pleananna gnó a fhaomhadh ar leibhéal an Bhainisteora Rannóige sula leagfaí isteach iad le breithniú ag foireann bainisteoirí sinsearacha an NPWS.

Ba cheart go mbeadh freagracht agus acmhainní freisin ag an mBainisteoir Réigiúnach le haghaidh gach Páirce chun Bearta um Chaomhnú/Chosaint a chur i gcrích laistigh den Pháirc de réir mar a aontófaí orthu go bliantúil i bPleananna Gnó agus laistigh den chreat tosaíochtaí arna shocrú ag an stiúrthóireacht Caomhantais agus CosantMoltar chomh maith san athbhreithniú go mbogfadh an t-Aonad Airgeadais agus Eagrúcháin reatha óna rannóg reatha agus go mbeadh sé suite laistigh den stiúrthóireacht nua mholtaí um Thacaí Plé, Corparáideacha agus Shaintacaí.Freisin ba cheart machnamh a dhéanamh ar ionad an Aonaid um Bainistiú Réadmhaoine agus, tríd is tríd, tá an t-athbhreithniú ar son é sin a shuíomh laistigh den stiúrthóireacht nua Páirceanna, ós rud é gurb é sin an réimse lena mbaineann an chuid is mó dá chuid oibre.

*An stiúrthóireacht Caomhantais agus Cosanta*

Dúshláin scáfara atá sna dúshláin a thagann chun cinn maidir leis an dúlra agus an mbithéagsúlacht agus tá siad sin leagtha amach go soiléir i dtuarascáil Stout-Uí Chinnéide. Meastar nach bhfuiltear ag comhlíonadh príomhcheanglas, cibé acu go bhfuil siad socraithe ag an reachtaíocht Éireannach nó ag Treoracha an AE maidir leis an Dúlra, agus go bhfuil dúlra na hÉireann thíos leis dá barr, ar aon dul leis na treochtaí domhanda. Léiríonn scála, minicíocht agus tábhacht na ndúshlán dlí atá roimh an NPWS faoi láthair nach meastar go bhfuil an struchtúr ag comhlíonadh, nó ag comhlíonadh go sásúil, a chuid oibleagáidí éigeantacha. Le tuilleadh ceanglas de bhun an Acht Aeráide, taobh le straitéisí na NA agus an AE méadófar go mór na héilimh agus na dúshláin a bheidh roimh an NPWS maidir leis an dúlra a chaomhnú, a chosaint agus a aisghabháil.

Tá sé riachtanach, mar sin, go ndéanfaí an eagraíocht a athstruchtúrú maidir lena cuid feidhmeanna caomhantais agus cosanta chun freastal níos fearr ar dhúshláin an lae inniu agus na todhchaí.

Chuige sin moltar san athbhreithniú seo go mbunófaí stiúrthóireacht shingil Caomhantais agus Cosanta. Ba cheart struchtúr foirne na stiúrthóireachta seo a tharraingt ar an gcéad dul síos ó na stiúrthóireachtaí um Chaomhnú & Athchóiriú Tailte Portaigh agus um Bhearta Caomhantais. Ciallaíonn sé sin gur cheart baill foirne reatha na réimsí sin, a chuimsíonn dhá phost PO, agus a gcaidre foirne faoi seach, a aistriú isteach ach feidhmeanna a athdháileadh de réir Caomhantais (bearta praiticiúla, faisnéis, plé, caomhaontú, dreasachtaí etc) agus Cosanta (smachtbhannaí agus forfheidhmiú san áireamh). Ba cheart foirne réigiúnacha ar an talamh le haghaidh réimsí lasmuigh de Pháirceanna Náisiúnta agus Anaclanna Dúlra a neartú go mór agus tuairisciú chuig an stiúrthóireacht seo trína gcuid Bainisteoirí Rannóige. Ba cheart an t-Aonad um Choireacht Fiadhúlra a athshuíomh anseo agus acmhainní a chur ar fáil dó chun go mbeidh sé in ann feidhmiú. Baineann dúshláin phráinneacha le haghaidh na stiúrthóireachta seo le tosaíocht a thabhairt do bhearta chun comhlíonadh ceanglas dlí maidir le Limistéir Chosanta a bhaint amach, chomh maith le cláir um chaomhnú agus athchóiriú gnáthóg tosaíochta.

- Sraith chuimsitheach Beart a bhunú chun freastal ar cheanglais reachtúla a eascaíonn ó shannadh etc;
- Pleananna um chur i bhfeidhm chun na cláir a chur i gcrích;
- Caomhnú agus Athchóiriú Tailte Portaigh;
- Bainistíocht foirne réigiúnacha chun cur i bhfeidhm Beart a bhaint amach ar fud na réigiún i dtailte nach bhfuil faoi úinéireacht an Stáit;
- Aontú leis an stiúrthóireacht Páirceanna maidir le cur i gcrích bliantúil beart ag an am céanna sna páirceanna Náisiúnta agus sna hAnaclanna;
- Nósanna imeachta agus próisis thaifeadta a chur i bhfeidhm ar bhonn sonraí roinnte chun comhlíonadh a léiriú go héasca.

- Forfheidhmiú agus Coireacht Fiadhúlra - ionchur agus stiúradh saineolaithe a sholáthar chun tacú le gníomhartha áitiúla sna réigiúin/sna Páirceanna;
- Príomhról/úinéireacht ar chásanna dlí náisiúnta agus AE a bhaineann le bearta caomhtanais i ndáil leis an NPWS.

Cé gur féidir freastal go réasúnta ar róil an Bhainisteora Réigiúnaigh sna stiúrthóireachtaí Páirceanna agus Caomhantais, ní hamhlaidh do ról Bainisteora Rannóige, lena ngabhann freagrachtaí sna Páirceanna agus faoin tuath i gcoitinne. Ní féidir a bheith ag súil go dtuairisceoidh na Bainisteoirí Rannóige féin do bhainisteoirí líne iomaí agus mar sin is cuí athmheasúnú a dhéanamh ar shocruithe i ndáil le Bainisteoirí Rannóige. Rogha amháin le meas ná deighilt a dhéanamh idir na róil le haghaidh na mBainisteoirí Rannóige agus cuid acu ag glacadh freagrachta as na Páirceanna agus cuid eile ag glacadh freagrachta as gníomhaíochtaí ar fud an réigiúin mhóir lasmuigh díobh. Baineann tairbhí leis sin mar atá soiléire ról agus freagrachtaí don DM, chomh maith le tuairisciú go stiúrthóireacht shingil. Sa deireadh, ábhar é sin atá le socrú ag na bainisteoirí sinsearacha tar éis dóibh plé a dhéanamh leis na Bainisteoirí Rannóige

*An stiúrthóireacht um Chomhairle agus Taighde Eolaíoch*

Mar gheall ar an Éigeandáil Bhithéagsúlachta dhearbhaithe, is léir nach mór go mbeadh an NPWS réidh le ról a ghlacadh in iarrachtaí uileghabhálacha an Stáit chun aghaidh a thabhairt ar an dá thosaíocht mar atá bithéagsúlacht agus athrú aeráide. Go deimhin, de réir mar a éiríonn an t-athrú aeráide agus na dúshláin a bhaineann lena thionchair dhochrúla a aisiompú, níos doimhne, tagann tábhacht na comhairle eolaíocha údarásaí daingne chun tosaigh. Éiríonn sé sin níos tábhachtaí don fheidhm Eolaíochta agus Bithéagsúlachta ní hamháin ar fud an NPWS ach freisin le haghaidh an Aire agus an Rialtais féin.

Moltar mar sin go ndéanfaí an t-Aonad Eolaíochta agus Bithéagsúlachta reatha a athchumrú mar stiúrthóireacht agus a cheann a athainmniú mar Phríomhchomhairleoir Eolaíoch ar an Dúlra agus an mBithéagsúlacht chun ríthábhacht na feidhme sin sa NPWS agus níos faide anonn, a léiriú.

Beidh sé mar fheidhm lárnach ag an stiúrthóireacht seo faisnéis eolaíoch a chur ar fáil don NPWS, chun bonn eolais a chur faoi thosaíochtaí caomhantais agus shannadh láithreán, agus comhairle a thabhairt faoi bhearta caomhantais, i dteannta le monatóireacht, suirbhéireacht, taighde agus an raon leathan freagrachtaí, a bhaineann go díreach lena gcuid disciplíní gairmiúla, mar atá leagtha amach go soiléir i dtuarascáil Stout-Uí Chinnéide (4.4.2).Tugtar tacaíocht do sholáthar ball foirne breise a lorg i ndáil leis na feidhmeanna lárnacha sin. Go háirithe tá an t-athbhreithniú ar son an stiúrthóireacht a neartú ionas gur féidir léi sárú ó thaobh a shainchúram lárnach a chur i gcrích mar atá comhairle eolaíoch den chéad scoth a chur ar fáil ar fud an NPWS agus tabhairt faoi thaighde cuí príomhúil agus feidhmeach. Moltar soláthar foirne a chuimsiú sa stiúrthóireacht seo agus tuairisciú air ag an ngrúpa neamhspleách faoi cheannaireacht idirnáisiúnta arna mholadh i gCaibidil 5 thuas.

Riosca práinneach agus doghlactha atá i gceist le heaspa poist shinsearaigh amháin fiú i dtaobh Gnáthóg agus Speiceas Mara. Moltar san athbhreithniú seo mar sin go mbunófaí post Grád 1 faoi láthair agus go líonfaí mar thosaíocht é.

Sonraíodh san athbhreithniú go bhfuil feidhmeanna eile suite faoi láthair san Aonad reatha Eolaíochta gaus Bithéagsúlachta, lena n-áirítear Bainistíocht Bithéagsúlachta agus Bainistíocht Ábhair Ghréasáin, GIS agus Bainistíocht Sonraí, etc. Moltar gur cheart an obair sin a aistriú amach chuig an stiúrthóireacht nua um Thacaí Plé, Corparáideacha agus Shaintacaí. Tugtar faoi obair a bhaineann leis an mbithéagsúlacht atá oiriúnach do ghníomhaireachtaí eile anseo, agus í stiúrtha go minic ag an ngealltanas chun bearnaí ag comhlachtaí poiblí eile a líonadh agus cinntiú nach bhfuil aon ghanntanais i gceist. Mar gheall ar

an mbrú mór oibre agus na cúraimí lárnacha ardtosaíocha atá roimh an stiúrthóireacht nua um Chomhairle agus Thaighde Eolaíoch, d'fhéadfadh foireann bainisteoirí sinsearacha an NPWS a mheas conas is fearr, sa rannóg Cheadúnaithe & Reachtaíochta agus anseo, ionchais agus cleachtais comhlachtaí poiblí eile a láimhseáil ionas go bpléann siad ar bhealach níos iomláine lena gcuid freagrachtaí maidir leis an dúlra agus an mbithéagsúlacht.

Sa deireadh, is gá cáilíocht na nasc idir an stiúrthóireacht seo agus na réigiúin, agus soiléire a chur ar fáil ag foireann bainisteoirí sinsearacha an NPWS maidir leis na tacaí atá le cur ar fáil, nó mar rogha eile, na tosaíochtaí agus na haschuir ar cheart tús áite a thabhairt dóibh.

*An Stiúrthóireacht um Cheadúnú, Reachtaíocht agus Chomhairliúchán Reachtúil*

Mar atá inti faoi láthair, tá ceithre phríomhréimse sa stiúrthóireacht seo - An tAonad um Mheasúnú Éiceolaíoch (AME), an tAonad Reachtaíochta agus Treorach, Iarratais Fhorbartha agus an tAonad um Cheadúnú Fiadhúlra.

Moltar san athbhreithniú seo go bhfanfadh an rannóg seo mar atá den chuid is mó seachas an tAonad um Choireacht Fiadhúlra (chun forfheidhmiú agus ionchúisimh a chuimsiú freisin) a aistriú chuig an stiúrthóireacht um Chaomhnú agus Chosaint.

Is fiú a thabhairt faoi deara gur tháinig lear mór oibre i dtreo na réimse, ag eascairt ó líon mór iarratas ar chomhairle, mheasúnú agus ionchur ó chomhlachtaí poiblí eile maidir leis an éiceolaíocht. Tá an suíomh reatha sin achrannach agus ní féidir leanúint ar aghaidh leis.

Níl an t-athbhreithniú seo cinnte go bhfuil an obair sin go léir, nó cuid mhór di san fhormáid reatha, ar fud comhlachtaí poiblí, údaráis áitiúla san áireamh, cuí don NPWS.

Moltar go n-ordófaí na bainisteoirí sinsearacha sa NPWS measúnú criticiúil a dhéanamh ar an raon iarratas arna fháil, taobh leis an obair eile a dtugann sé fúithi le haghaidh comhlachtaí poiblí. D'fhéadfadh an measúnú an méid seo a leanas a chuimsiú ina chuid comaoineacha:

- Cibé acu gurb é an NPWS an comhlacht poiblí ceart leis an raon de chineálacha iarratas a fhaigheann sé faoi láthair a fháil agus ionchur a thabhairt dóibh;
- Más amhlaidh an chéad cheann, a mhéid is na comhlachtaí poiblí atá i gceist ag comhlíonadh a gcuid freagrachtaí éiceolaíocha féin agus á léiriú sin sula dtagann siad chuig an NPWS.

I bhfianaise na bhfionnachtana ag measúnú den sórt sin, ba cheart don NPWS gníomh a thosú láithreach leis na comhlachtaí poiblí atá i gceist agus smaoineamh as an nua, trí fhoráil reachtaíochta más gá.Is é cuspóir na hidirghabhála sin ná an NPWS a chumasú níos fearr chun ionchur spriocdhírithe, údarásach a sholáthar faoi ábhair éiceolaíocha a bhaineann go cuí lena dhlínse féin. Agus a chinntiú go nglacann comhlachtaí poiblí úineireacht ar a gcuid príomhfhreagrachtaí maidir leis an éiceolaíocht.

Sonraíodh san athbhreithniú nach bhfuil baill foirne ar bith curtha ar fáil chun reachtaíocht a fhorbairt a bhfuil géarghá léi maidir leis na hAchtanna Fiadhúlra agus na Rialacháin ar Éin agus Ghnáthóga a athbhreithniú agus a athmhúnlú.

Sonraíodh san athbhreithniú freisin an comhcheangal criticiúil a ghabhann leis an EAU ó thaobh mórthionscadail fhorbartha náisiúnta a chur chun cinn, i

dteannta leis na rioscaí díreacha a ghabann leis na leibhéil reatha foirne. Ar feitheamh an grúpa a bhunú faoi stiúir idirnáisiúnta chun iniúchadh a dhéanamh ar sholáthar foirne ar fud NPWS, moltar san athbhreithniú beirt éiceolaithe breise a cheapadh faoi láthair ar leibhéal Grád II, chun tacú leis an bhfoireann reatha agus úsáid foirne oilte de réir mar a theastaíonn le haghaidh neas-thosaíochtaí forbartha náisiúnta.

Chun gur féidir dréacht-reachtaíocht riachtanach a ullmhú, moltar san athbhreithniú go sannfaí PC agus 1 OC le haghaidh an chuspóra sin, anuas ar na leibhéil reatha foirne.

Obair de nádúr riaracháin den chuid is mó a dhéanann an tAonad um Cheadúnú Fiadhúlra. Moltar san athbhreithniú freisin go ndéanfaí na próisis atá i gceist a athbhreithniú mar thosaíocht d'fhonn nuachóiriú a dhéanamh ar phróiseáil ceadúnas, réitigh TFC a úsáid chun cleachtais a shruthlíniú, rud a d'fhéadfadh acmhainní riaracháin a chur ar fáil le húsáid in áiteanna eile.

*An stiúrthóireacht um Thacaí Plé, Corparáideacha agus Shaintacaí*

Ceann de na príomhchúiseanna nár éirigh go maith leis an NPWS le haistrithe éagsúla le roinnt blianta anuas, ná easpa droma chorparáidigh a fhéadann taisce eolais agus tuisceana ar an eagraíocht a choimeád le chéile ó thaobh struchtúir, agus eolas agus léargais ríthábhachtacha a sholáthar agus a chaomhnú – ionad cobhsaithe don struchtúr ionas gur féidir leis dul i mbun oibre i Roinn nua.

Tá tairbhí iomaí ag baint le stiúrthóireacht den sórt sin: soláthraíonn sé dianseasmhacht i bhfoirm eolais chorparáidigh lárnaigh a fhéadann leanúint ar aghaidh tar éis bhogadh eagraíochta; tá sé mar acmhainn réamhdhéanta chun idirphlé agus comhpháirtíocht a dhéanamh go héasca leis na feidhmeanna corparáideacha i suíomh nua Roinne; is féidir leis áit a chur ar fáil um thacaí ríthábhachtacha do na stiúrthóireachtaí eile atá as láthair nó tearcfhorbartha, go háirithe maidir le soláthar, plé le cumarsáid agus soláthar foirne; is féidir leis réimsí saineolais áirithe a fhorbairt i réimsí mar GIS, bainistíocht sonraí agus bainistíocht réadmhaoine, chomh maith leis an gclár oibre athraithe a stiúradh;agus is féidir leis acmhainn atá feabhsaithe go mór a thabhairt don struchtúr trí hacmhainn níos láidre AD agus chorparáideach le glacadh isteach chun aon athruithe ar mháthair-roinn Rialtais amach anseo a láimhseáil. Freisin is féidir leis pleanáil, monatóireacht agus measúnú ar fheidhmíocht a chur chun cinn ar fud na stiúrthóireachtaí.

Mar a sonraíodh níos luaithe, is gá cleachtais AD oidhreachta sa NPWS a athrú ón mbonn, chun torthaí níos fearr a bhaint amach. Ar an gcaoi chéanna, is gá acmhainn an fheidhm AD/Eagraíochta sa NPWS chun gabháil do ról níos gníomhaí le stiúrthóireachtaí chun pleanáil um fholúntais a líonadh, agus cásanna gnó a fhreagairt, a fhorbairt agus is gá comhairle faoi dhea-chleachtas ag bainisteoirí líne. Is gá fós oibriú laistigh den phríomh-Roinn agus leas a bhaint as saineolas agus tacaíocht na bhfeidhmeanna corparáideacha de chuid na príomh-Roinne, ach ba cheart plé go háitiúil sa stiúrthóireacht NPWS sin le bainistíocht, scagadh éilimh AD ag stiúrthóireachtaí agus le hiad a chur in ord tosaíochta, agus ba cheart seasamh comhtháite, comhaontaithe a chur in iúl don fheidhm lárnach thar ceann an NPWS go léir.

Is léir freisin gur minic go dtugann baill foirne sna réigiúin faoi obair a d'fhéadfadh leas a bhaint as teacht ar threoir shaineolach. Is léir sin ach go háirithe maidir le soláthar foirne ach tagann riachtanais chun cinn freisin maidir le PR, chomh maith le hábhair a bhaineann le saincheisteanna ailtireachta agus dlí etc.

Mar sin moltar san athbhreithniú stiúrthóireacht um Thacaí Plé, Corparáideacha agus Shaintacaí a bhunú. Chuimseodh feidhmeanna na stiúrthóireachta sin:

- Pleanáil chorparáideach agus bainistíocht feidhmíochta
- Feidhmeanna reatha an aonaid Airgeadais, Eagrúcháin;
- Feidhmeanna AD
- Soláthar foirne
- Ailtireacht & Innealtóireacht
- Cumarsáid, Plé agus Feasacht
- Bainistíocht Athruithe

Sonraítear go bhfuil saineolaithe ailtireachta agus dlí intí i bhfeidhm ag NPWS cheana. Is gá leis cur leis an gcaidre sin leis na réimsí saineolais eile atá luaite.

Ar an gcaoi chéanna, tá plé leis an bpobal agus oideachas riachtanach chun feasacht an phobail ar chaomhnú an dúlra agus an mbithéagsúlacht agus a thacaíocht dóibh a chothú. Níl an réimse sin ann féin ach seachas sin tá sé ina chuid lárnach de shraith éifeachtach tionscnamh chun úinéireacht phobail a fháil, chomh maith le glacadh le bearta agus a gcomhlíonadh chun ár n-oidhreacht nádúrtha a chosaint agus a chaomhnú.I bhfianaise an mhéid sin, is féidir an t-Oideachas agus an rannpháirtíocht a thuiscint mar ghné straitéiseach ríthábhachtach de mhisean an NPWS. Faoi láthair, áfach, tá seirbhísí oideachais dírithe ar thart ar dheich n-ionad sna Páirceanna Náisiúnta agus sna hAnaclanna Dúlra, agus tá siad teoranta den chuid is mó do chuairteoirí ar na láithreáin sin. Teastaíonn straitéis ardleibhéil ón NPWS, a tharraingeoidh ar shaineolas cumarsáide na Roinne, chun déileáil le hOideachas agus Rannpháirtíocht - straitéis um rannpháirtíocht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta;comhghuaillíochtaí straitéiseacha a bhunú, feachtais náisiúnta feasachta a rith agus freisin creat ceannaireachta chun obair eolaithe NPWS a threorú agus tacú léi.

Thabharfadh an stiúrthóireacht seo freisin faoi ról ríthábhachtach maidir le níos mó feasachta a fhorbairt ar fud NPWS ar na tacaí atá ar fáil ón Rannóg Chorparáideach sa Roinn, agus nasc tábhachtach a sholáthar leis na seirbhísí agus na tacaí sin.

*Machnamh*

Moltar san athbhreithniú seo aistriú i dtreo feidhmeanna a chur i sainréimsí níos mó. Moltar ann go gcuirfeadh stiúrthóireachtaí níos mó béime ar ghnó lánach, agus go n-aistreofaí feidhmeanna eile chuig áiteanna eile sa NPWS. Ba cheart gurbh é an toradh a bheadh air ná neartú ar acmhainn NPWS chun tosaíochtaí lárnacha a aithint agus beartais chomhtháite eagrúcháin a fhorbairt, agus iad faofa ag an bhfoireann bainisteoirí sinsearacha.

Mar a sonraíodh i bplé le linn an phróisis sin le bainisteoirí sinsearacha – níl a leithéid de rud agus cumraíocht fhoirfe inmheánach eagraíochta. Níl ann ach samhail ina fhéachtar chuig struchtúir inmheánacha a réiteach níos fearr le sainchúraimí agus oibleagáidí seachtracha.

Mar gheall ar an gcastacht dhomhain agus na hidirspleáchais ar fud na hoibre a dtugann NPWS fúithi is léir, i dteannta leis na stiúrthóireachtaí molta sin, go mbeidh gá freisin le buanchoistí, ar bhonn trasfheidhmiúil. Beidh siad sin riachtanach chun ábhair a láimhseáil a mbaineann le stiúrthóireachtaí éagsúla mar shannadh láithreán, tailte portaigh, athshlánú agus athchóiriú, an bhithéagsúlacht, caomhnú gnáthóg agus speiceas, rannpháirtíocht AE agus idirnáisiúnta, sárú agus cásanna dlí eile.

Chun bheith soiléir, ní mór tús áite eagraíochta a thabhairt do bhunú agus oibriú fhoirne tionscadail tras-stiúrthóireachta sa NPWS. Is ar an mbealach sin amháin ar féidir leis a chumas a uasmhéadú chun déileáil le castachtaí na saincheisteanna nach mór dó déileáil leo agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a thimpeallachta. Chuige sin, is gá socruithe chun tacú le foirne trasfheidhmiúla a chur ar bonn foirmiúil agus treoirlínte agus prionsabail a chur i bhfeidhm dá n-oibriú.

I dteannta le socruithe den sórt sin, moltar san athbhreithniú líonraí bainisteoirí a bhunú ar fud na tíre. Ba cheart go mbeadh cruinnithe rialta ag na líonraí sin, a bheadh déanta suas de phiaraí teicniúla, gairmiúla agus riaracháin chun eolas a roinnt, tuiscint níos fearr a chothú ar dhúshláin stiúrthóireachta agus foghlaim ón dea-chleachtas. Is féidir le líonraí den sórt sin feasacht agus cultúr corparáideach a fhorbairt agus a neartú.

Is cosúil gurbh í an stiúrthóireacht um Thacaí Plé, Corparáideacha agus Shaintací, agus sainchúram tugtha di ag an bhfoireann bainisteoirí bairr, an áit chuí le cumasú na dtionscnamh sin a stiúradh.

*Conclúidí*

Molann an t-athbhreithniú cúig stiúrthóireacht agus obair a aistriú go mór taobh le stiúrthóireacht nua a bhunú. Moltar freisin buanchoistí buana a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna trasghearrtha casta.

Moltar go n-ordódh na bainisteoirí sinsearacha sa NPWS measúnú criticiúil a dhéanamh ar an obair eile a dtugtar thar ceann, agus an raon iarratas arna fháil ó chomhlachtaí poiblí eile. D'fhéadfadh an measúnú a chuimsiú ina mhacnamh cibé acu an é NPWS an comhlacht poiblí ceart chun tabhairt faoin obair sin/an raon de chineálacha iarratas a fhaigheann sé a ghlacadh agus ionchur substainteach a thabhairt dó.

*Caibidil 7 Cumarsáid agus TFC*

***Cumarsáid***

Saincheist a d'ardaigh baill foirne agus bainisteoirí araon ar fud an NPWS ná an gá lena acmhainn agus a fheidhmíocht a fheabhsú maidir le cumarsáid, go hinmheánach agus leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara seachtracha.

Mar atá cúrsaí faoi láthair, níl a acmhainn féin ag NPWS chun díriú ar a chuid riachtanas nó achur cumarsáide nó iad a fhorbairt. Ciallaíonn sé sin go dtreoraítear cuid mhór dá chumarsáid sheachtrach ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, ar a bhfuil freagrachtaí móra eile. I gcleachtas is ionann an cleachtas sin agus fad ró-mhór ón obair ata ar siúl ar an talamh sna réigiúin, chomh maith leis an obair laistigh de stiúrthóireachtaí.

D'ainneoin iarrachtaí áitiúla láidre i roinnt réimsí, is cosúil gur chuir sé sin le héighníomhaíocht ar fud an NPWS maidir le hábhar a bhailiú agus a chur le chéile le foilsiú, nó scéalta a sholáthar a thugann léargas don phobal nó a chothaíonn a spéis, nó sonraí spéise a ghiniúint go córasach le haghaidh grúpaí páirtithe leasmhara sainspéise. Cuireann sé sin faoi seach le heaspa trédhearcachta, le laghdú muiníne as an struchtúr agus gan amhras le méadú ar FOInna, AIEnna agus iarratais mar sin. Déanann sé dochar do sheasamh an NPWS agus ní thagann sé le géarghá le feasacht phoiblí a ghinúint chomh maith le tacaíocht as a chuid beart caomhantais. Nó go deimhin ceiliúradh poiblí ar éachtaí suntasacha an NPWS, nó ar na seodra náisiúnta móra atá aige.

Go hinmheánach, cuireann bainisteoirí agus baill foirne in iúl gur minic, mar gheall ar chleachtais easnamhacha chumarsáide, nach mbíonn siad ar an eolas faoi obair atá ar siúl i réimsí eile den NPWS, ar bhuanna móra, nó céimeanna siar, nó forbairtí a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm go díreach ar a gcuid oibre féin. Is féidir leis sin cur le mothú scoiteachta, leithlise agus le easpa fhorleathan tuisceana ar chuspóir foriomlán an strúchtúir. Freisin, mar thoradh air, is féidir nach mbeadh foirne ullmhaithe i gceart le tabhairt faoi thionscadail ar bhonn eolach, agus iad ag tarraingt ar scoth eolas agus saineolais leathain na heagraíochta. Freisin is féidir leis dochar a dhéanamh do mheanma.

Moltar san athbhreithniú go gceapfaí duine cumarsáide oilte chuig post ar leibhéal PC sa stiúrthóireacht Plé, Corparáideach agus Saintacáí, agus iad ag obair leis an bhfoireann níos leithne chun Cumarsáid (inmheánach agus seachtrach araon) a stiúradh ó thaobh straitéise, cleachtas, tacaí agus achur. Tá an post sin sa bhreis ar an líon foirne faoi lláhair agus d'oibreodh an té ag a mbeadh an bpost foireann Chumarsáide na máthair-Roinne. Bheadh an post tacaithe freisin ag tacaíocht fheidhmiúcháin i ngach ceann de na ceithre hionad réigiúnach, chun nascacht tras-réigiúnach a threisiú. Ba cheart aschuir tosaíochta ón bpost sin a shocrú i gcomhairle le foireann bainisteoirí sinsearacha an NPWS. Ina theannta sin, maidir le cumarsáid inmheánach ba cheart leis na bainisteoirí go léir ar fud an NPWS a bplé leis an dea-chleachtas sa réimse sin a dhoimhniú. Ba cheart go mbeadh scileanna cumarsáide ina ngné ríthábhachtach le meas agus oiriúnacht um ardú céime á meas.

*TFC*

Gan amhras, chuir aistrithe atriallacha an NPWS ar fud na Ranna isteach ar fhorbairt an TFC. Is é an toradh air sin ná córais scoilte sa struchtúr nach bhfuil

oiriúnach don chuspóir a thuilleadh, nó atá as dáta agus a léiríonn drochghabháil sonraí agus drochchumais aslonnaithe. Tá sé sin tagtha chun cinn mar fhadbhanna móra ó thaobh próiseas agus cleachtas ar fud na rannóg.

Tá bainistíocht éifeachtach faisnéise ríthábhachtach ar go leor léibhéal – chun dul chun cinn maidir le caomhnú agus athchóiriú a rianadh, chun comhlíonadh treoracha a léiriú, chun tacú le taighde agus  measúnú eolaíoch, chun tosaíochtaí agus acmhainní a threorú, chun bonn eolais a chur faoi chinntí bainistíochta agus chun tuairisciú éifeachtach agus cuntasacht a bhaint amach. Chun comhlíontacht a léiriú ar leibhéal Eorpach maidir le bithéagsúlacht na hÉireann a chosaint i láithreáin Natura, is gá do NPWS sonraí a thiomsú ó fhoinsí agus chórais éagsúla. Áit gurb ann do chuid mhór den sonraí tá sé thar a bheith dúshlánach fós iad a thiomsú i dtaisce amháin chun anailís agus tuairisciú a éascú. Ba í an chúis leis an bhfadhb sin ná gur gabhadh sonraí i gcórais a bhí deartha um réiteach nó cuspóir singil - níor tugadh ar an ngá le comhtháthú agus tuairisciú níos leithne sonraí.

D'fhorbair Oifig an CIO sa Roinn creat iontach um nuachóiriú an TFC ar fud na Roinne. Leis sin leagtar amach próiseas ceithre-chéime agus moltar conair chun TFC a nuachóiriú sa NPWS agus sa ghrúpa Oidhreachta i gcoitinne i gcaitheamh na dtrí bliana atá romhainn. Freisin tugann sé gealltanais daingne maidir leis na tacaí agus an gceannaireacht atá ar fáil ón Oifig chun an creat a chur i gcrích.

Freisin geallann sé go dtabharfaidh baill foirne Oibríochtaí TFC cuairt ar gach láithreán NPWS i gcaitheamh na 8 nó na 12 seachtaine atá le teacht chun aon fhadhbanna a dheisiú ar an láthair nach féidir a dheisiú leis an gcéad theagmháil. Aithneofar na fadhbanna nach féidir a réiteach agus déanfar iad a rianú go mbeidh siad tugtha chun críche tríd an bPlean Gnó TFC 2022.

Cuireann an t-athbhreithniú seo fáilte mhór roimh an bplean TFC seo agus tacaíonn sé le plé luath ag an bhfoireann bainistíochta sinsearaí lena

mheasúnú agus a chur chun cinn. Freisin cuireann sé fáilte roimh ghníomhaíocht láithreach ar an talamh ag foireann TFC faoi láthair.

*Caibidil 8 - Na Chéad Chéimeanna Eile*

***Bainistíocht athruithe***

Tar éis go mbeidh an t-athbhreithniú seo déanta, agus tamall fada tar éis go mbeidh spéis an phobail imithe i léig, beidh na daoine a chaitheann a saol oibre sa NPWS ag déileáil leis na dúshláin agus an réalaíocht a ghabhann le hathrú ó bhonn a dhéanamh ar an eagraíocht.

Chun go n-éireodh le hathnuachan an NPWS, beidh na daoine sin ag súil le cinnteoireacht luath, thrédhearcach agus inchreidte, ceannaireacht údarasach agus chomhoibritheach ón bhfoireann shinsearach, agus treochlár soiléir ar aghaidh.

Beidh leibhéal ard cumarsáide – le baill foirne, bainisteoirí agus páirtithe leasmhara seachtracha ríthábhachtach, agus is gá go mbeadh an clár iomlán athraithe stiúrtha agus maoirsithe ag acmhainn thiomhnaithe, ar leibhéal sinsearach cuí sa NPWS, atá freagrach as an gclár athraithe a stiúradh agus a bhainistiú.

Sa Phlean Gníomhaíochta thuas leagtar amach creat soiléir um bhaint amach an athraithe sin.Déantar talamh slán de go mbíonn idirphlé leanúnach ag baill foirne le bainisteoirí sinsearacha i NPWS, chomh maith le plé cuí le ceangail foirne ag AD sa Roinn Tithíochta maidir leis na hathruithe:

***Clocha míle lárnacha don phróiseas athnuachana:***

- NPWS bunaithe mar Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin
- Foireann bainistíochta bairr i bhfeidhm agus ag comhlíonadh a cuid feidhmeanna coiteanna
- Cúig stiúrthóireacht nua bunaithe i NPWS de réir línte feidhmiúla nua
- Poist bhreise a bhfuil gá díreach leo faofa agus líonta
- Grúpa saineolaithe ag a bhfuil saineolas tionólta chun comhairle a thabhairt faoi riachtanais fhoirne reatha agus na todhchaí
- Fionnachanta an ghrúpa saineolaithe curtha i bhfeidhm
- Reachtaíocht dréachtaithe agus tógtha ar aghaidh san Oireachtas